Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11711/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0221 (COD)**

**TRANS 308**
**ENER 374**
**POLMIL 217**
**POLGEN 85**
**COMPET 751**
**MI 551**
**CADREFIN 94**
**FIN 881**
**CODEC 1032**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 547 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1679 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/1153 |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 547 final

2025/0221 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1679 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/1153**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile don tréimhse tar éis 2027, lena n-áirítear imchlúdach airgeadais EUR 81 428 000 000 le haghaidh na 'Saoráide um Chónascadh na hEorpa' (SCE) d'infheistíochtaí i ngréasáin tras-Eorpacha um bonneagar iompair agus fuinnimh, lena n-áirítear soghluaisteacht mhíleata agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Is é is aidhm don togra seo an bunús dlí le haghaidh SCE a leagan síos le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

### • Cúiseanna agus cuspóirí

Chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach, tá bonneagar athléimneach ardfheidhmíochta atá cothrom le dáta de dhíth ar an Aontais chun cuidiú na hearnálacha iompair agus fuinnimh a nascadh agus a chomhtháthú ar fud an Aontais agus ina réigiúin uile. Tá na naisc sin ríthábhachtach le haghaidh saorghluaiseacht daoine, earraí, caipitil agus seirbhísí.

Déanann na gréasáin tras-Eorpacha iompair agus fuinnimh na rudaí seo a leanas:

- naisc thrasteorann a éascú;
- slándáil an Aontais a áirithiú;
- iomaíochas gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a mhéadú;
- rannchuidiú leis an athrú aeráide a chomhrac; agus
- deireadh a chur leis an leithlisiú agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach níos fearr a chothú.

Tá gréasáin tras-Eorpacha ardtoillte de dhíth chun athléimneacht agus ullmhacht mhíleata an Aontais a mhéadú freisin.

Rannchuideoidh naisc rianúla iompair agus fuinnimh ar fud na hEorpa le rath an mhargaidh aonair. Beidh buntáistí ábhartha ann dá mbarr do gach saoránach agus gnólacht san Eoraip, trína dhéanamh níos éifeachtúla agus inbhuanaithe dóibh taisteal, earraí a sheoladh, agus rochtain a fháil ar fhuinneamh slán, inacmhainne agus dícharbónaithe.

Chuige sin, tacaíonn SCE le hinfheistíochtaí sa bhonneagar iompair agus sa bhonneagar fuinnimh araon trí fhorbairt na ngréasán tras-Eorpach agus i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite trasteorann. I bhfianaise rioscaí atá ag méadú a bhaineann le guaiseacha nádúrtha agus teicneolaíochta, bagairtí slándála agus suaití eile, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh infheistíochtaí faoi SCE eolasach ar riosca agus athléimneach ó thubaistí, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis um Aontas na hUllmhachta.

Díríonn SCE ar na tionscadail ag a bhfuil an breisluach is mó don Aontas agus tionscnaíonn sé infheistíochtaí i dtionscadail a bhfuil tionchar trasteorann acu agus córais idir-inoibritheacha uile-Eorpacha, nach mór leanúint dá gcistiú tar éis 2027. Trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail trasteorann go díreach ar leibhéal an Aontais, cuidíonn SCE fadhbanna comhordúcháin a eascraíonn as nádúr ildlínse na dtionscadal a shárú. Leis an *modus operandi* éifeachtúil atá ag SEC, tugann sé aghaidh ar chlistí margaidh agus cuidíonn sé infheistíocht agus cistiú breise a ghiaráil ó fhoinsí eile, ó bhuiséid náisiúnta, córais

náisiúnta taraifí fuinnimh agus an earnáil phríobháideach, cuir i gcás, trí úsáid a bhaint as an raon iomlán uirlisí atá ar fáil faoin Rialachán Airgeadais.

Maidir le hiompar, is é is aidhm do SEC rannchuidiú le críochnú an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair ('GTE-I'), agus béim ar an gcroíghréasán agus an croíghréasán breisithe a chríochnú faoi 2030 agus 2040. Tá forbairt gréasáin iompair ilmhodhaigh uile-Eorpaigh ina príomhchoinníoll don fhás agus don inbhuanaitheacht san Eoraip – idir na pointí iontrála arb iad na calafoirt iad agus na naisc bhunúsacha talún atá de dhíth don mhargadh aonair agus do nascacht na réigiún. Sa chomhthéacs sin, díreoidh SCE go háirithe ar thionscadail bhonneagair lena ngabhann gné láidir thrasteorann, amhail tionscadal Rail Baltica, buntollán Brenner, uiscebhealach intíre na Séine-Escaut, Brno-an Bhratasláiv, Thessaloniki-Búcairist nó forbairt nasc cúlchríche calafort GTE-I.

I ndlúthchomhar leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, tacaíonn SCE le soghluaisteacht chliste, shlán, idir-inoibritheach ar an ngréasán GTE-I freisin (trí chórais bainistithe tráchta Eorpacha a chur in úsáid, amhail an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid nó na Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann le haghaidh uiscebhealaí intíre, mar shampla), nó i gcás inarb iomchuí, trína n-idirnasc a áirithiú, tríd an idir-inoibritheacht, trí chaighdeáin nó trí chríochfoirt úsáideoirí, le córais spáis an Aontais, amhail Galileo, EGNOS agus IRIS², le haghaidh suí, loingseoireachta agus uainiú agus le haghaidh nascacht shlán faoi seach, agus cuidíonn sé le haistriú an Aontais i dtreo soghluaisteacht dhícharbónaithe inbhuanaithe (trí sholáthar cumhachta ar tír a sholáthar do shoithí ag calafoirt GTE-I, mar shampla).

Is féidir le SCE infheistíocht a dhéanamh freisin i naisc trasteorann le tríú tíortha a chuireann chun feidhme síneadh conairí GTE-I chuig tíortha is iarrthóirí. Mar shampla, rinneadh sin sa tréimhse 2021-2027 le haghaidh na nasc don Úcráin agus don Mholdóiv, rud a chuireann feabhas ar fheidhmiú na Lánaí Dlúthpháirtíochta, agus a chuireann tús leis na hoibreacha ullmhúcháin chun an rianleithead sa dá thír sin a ailíniú le caighdeáin an Aontais. Cé go raibh údar leis sin de bharr na géarchéime i ndiaidh an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin, agus in oirchill a gcomhtháthaithe níos dlúithe i margadh an Aontais, díríonn infheistíochtaí den sórt sin acmhainní ar shiúl ó thionscadail ar chríoch an Aontais.

Mura gcríochnófar na tionscadail trasteorann GTE-I, beidh caillteanais eacnamaíocha ann a eascróidh as an táirgiúlacht iomlán laghdaithe agus as an bhfás níos moille ar thrádáil laistigh den Aontas, mar gheall ar an méadú ar am taistil agus costais taistil daoine agus earraí. Mar thoradh air sin beidh laghdú -0,4 % ar OTI in 2030 agus -0,8 % in 2050 i gcomparáid le cás ina gcríochnófar na tionscadail trasteorann GTE-I. Laghdófar an fhostaíocht sna Ballstáit -0,08 % in 2030 agus -0,13 % in 2050 i gcomparáid leis an mbunlíne[1].

Ba cheart cistiú ón Aontas a chur ar fáil le SCE freisin chun tionscadail iompair dé-úsáide sibhialta-mhíleata a chur chun feidhme chun go mbeidh soghluaisteacht mhíleata rianúil ann ar fud an Aontais. Leis an mbonneagar iompair atá ann faoi láthair san Aontas (GTE-I san áireamh), ní féidir trúpaí agus trealamh agus ábhar trom a bhogadh ar mórscála ar ghearrfhógra. Tá sé sin fíor-riachtanach le haghaidh shlándáil agus cosaint na hEorpa, mar a

[1] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Schade, W., Khanna, A., Mader, S., Streif, M. et al., *Support study on the climate adaptation and cross-border investment needs to realise the TEN-T network* [Staidéar tacaíocht ar na riachtanais infheistíochta oiriúnaithe don athrú aeráide agus ar na riachtanais infheistíochta trasteorann chun gréasán GTE-I a bhaint amach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2832/7839720

aithnítear sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 a glacadh an 19 Márta 2025. Chomh maith leis sin, rannchuidíonn SCE le sprioc fhoriomlán Straitéis um Aontas na hUllmhachta Aontas athléimneach slán a chruthú arb é is aidhm dó feidhmeanna ríthábhachtacha uile na sochaí a chaomhnú i ngach imthoisc.

Tá ceithre chonaire soghluaisteachta míleata ilmhodhaí tosaíochta sainaitheanta ag an Aontas a chumhdaíonn an t-iarnród, bóithre, aibhneacha, an fharraige agus an t-aer, conairí óna dteastaíonn infheistíochtaí práinneacha nach beag chun gluaiseacht trúpaí agus trealamh míleata a éascú. Áirítear orthu siúd tolláin iarnróid a leathnú, droichid bhóthair agus iarnróid a threisiú, agus críochfoirt calafort agus aerfort a mhéadú. In éineacht leis na Ballstáit agus leis an bpobal míleata, tá infheistíochtaí tosaíochta sainaitheanta chun deireadh a chur leis na scrogaill ('teophointí') is práinní.

Mar uirlis fíor-riachtanach chun an tAontas Fuinnimh a chríochnú, soláthróidh SCE cistiú do dhá chineál tionscadal fuinnimh trasteorann:

- tionscadail bonneagair fuinnimh sna hearnálacha iompair leictreachais, hidrigine agus dé-ocsaíde carbóin a bhfuil tionchar trasteorann nach beag acu agus ar bronnadh stádas tionscadail leasa choitinn (TLC) nó tionscadail leasa fhrithpháirtigh (TLF) orthu faoi Rialachán GTE-F;
- tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite atá bunaithe ar chomhaontú comhair idir na Ballstáit faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Tá na tionscadail sin ríthábhachtach maidir leis na rudaí seo a leanas: (i) feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas agus sna tríú tíortha comharsanachta; (ii) an córas fuinnimh a dhícharbónú; (iii) comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, ar tír agus amach ón gcósta, a éascú; (iv) margaí fuinnimh a chomhtháthú níos fearr; agus (v) rochtain a thabhairt do theaghlaigh agus gnólachtaí san Eoraip ar fhuinnimh inacmhainne; agus ar an gcaoi sin rannchuidítear le hiomaíochas gheilleagar na hEorpa agus le rathúnas daoine.

I gconclúidí na Comhairle maidir le Bonneagar Eangaí Leictreachais Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn, mar a d'fhormheas an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh iad an 30 Bealtaine 2024, d'aithin an Chomhairle 'a riachtanais infheistíochta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i ngréasáin leictreachais ar leibhéal tarchurtha agus dáileacháin araon chun córas cumhachta Eorpach atá an-idirnasctha, comhtháite agus sioncronaithe a áirithiú', d'iarr sí ar an gCoimisiún 'bealaí a lorg chun infheistíochtaí foriomlána do bhonneagar eangaí leictreachais a mhéadú' agus leag sí béim 'ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh SCE láidir ann chun freagairt leordhóthanach a thabhairt ar na riachtanais mhéadaithe infheistíochta i dtionscadail forbartha eangaí ar tír agus amach ón gcósta agus tacú leo'.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Is é is cuspóir uileghabhálach do SCE tacú le baint amach cuspóirí beartais an Aontais sna hearnálacha iompair agus fuinnimh le haghaidh na ngréasán tras-Eorpach agus comhar trasteorann maidir le fuinneamh in-athnuaite, trí infheistíochtaí i dtionscadail leasa choitinn agus i dtionscadail leasa fhrithpháirtigh a chumasú nó a luathú, agus trí thacú le comhar trasteorann maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite.

In earnáil an iompair, rannchuidíonn SCE le cuspóirí fadtéarmacha an Aontais maidir le críochnú an chroíghréasáin GTE-I faoi 2030[2], críochnú an chroíghréasáin breisithe faoi 2040, agus i gcás inarb ábhartha, dul chun cinn i dtreo chríochnú an ghréasáin chuimsithigh GTE-I faoi 2050 trí staidéir ullmhúcháin. Go háirithe maidir le críochnú an chroíghréasáin, beidh an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile cinntitheach.

Tacaíonn infheistíochtaí a fhaigheann cistiú ó SCE leis an aistriú i dtreo soghluaisteacht ilmhodhach, idir-inoibritheach, glan freisin. Cuidíonn SCE freisin le gréasán iarnróid ardluais Eorpach a fhorbairt a bhfuil sé d'aidhm aige príomhchathracha na hEorpa a nascadh (lena n-áirítear le traenacha oíche) agus dlús a chur le lastas iarnróid.

San earnáil fuinnimh, comhlánaíonn SCE creat na nGréasán Fuinnimh Tras-Eorpach (GTE-F) agus an rogha TLCanna agus TLFanna. Faoin Rialachán GTE-F, tá feidhm ag an loighic trí chéim seo a leanas maidir le hinfheistíochtaí sna TLCanna agus TLFanna sin. Sa chéad dul síos, ba cheart an tosaíocht a bheith ag an margadh i leith infheistíocht a dhéanamh. Ar an dara dul síos, mura ndéanfaidh an margadh infheistíochtaí, ba cheart réitigh rialála a fhiosrú, agus ba cheart an creat rialála ábhartha a choigeartú más gá. Ar an tríú dul síos, mura mbeidh an chéad dá chéim leordhóthanach chun na hinfheistíochtaí is gá in TLCanna a sholáthar, féadfar deontais SCE a bhronnadh ar TLCanna incháilithe mar rogha dheireanach. Comhlánaíonn SCE na sásraí comhair a leagtar amach leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, amhail aistrithe staidrimh, tionscadail chomhpháirteacha nó scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha, chomh maith.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tabharfar méideanna éagsúla tacaíochta do bhonneagar iompair agus fuinnimh agus do ghiniúint fuinnimh ó chláir agus ionstraimí airgeadais éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear SCE, na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Fís Eorpach chomh maith leis an Eoraip Dhomhanda.

Tá sé tábhachtach go mbainfí an úsáid ab éifeachtaí as na cláir agus ionstraimí maoiniúcháin éagsúla an Aontais agus ar an gcaoi sin dhéanfaí comhlántacht agus breisluach na n-ionstraimí a dtacaíonn an tAontas leo a mhéadú. Ba cheart sin a bhaint amach trí struchtúr nua CAI, trí chomhsheasmhacht a choinneáil ar bun ar feadh chláir ábhartha an Aontais, forluí a sheachaint, agus díriú ar infheistíochtaí lena ngabhann breisluach ard Eorpach.

Sa chomhthéacs seo, ba cheart do SCE díriú ar thacú le (i) tionscadail lena ngabhann gné thrasteorann ar na gréasáin GTE-I agus GTE-F, (ii) tionscadail ar mhaithe le soghluaisteacht mhíleata rianúil ar fud an Aontais, agus (iii) tionscadail i réimse an chomhair fuinneamh in-athnuaite. Ba cheart infheistíochtaí sa ghréasán GTE-I faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí infheistíochtaí faoi SCE a chomhlánú.

Ba cheart tacú leis an síneadh leis na conairí GTE-I chuig tíortha is iarrthóirí agus le bonneagar iompair agus fuinnimh i dtríú tíortha, i ndlúthchomhar leis an Eoraip Dhomhanda.

---

[2] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, IO L, 2024/1679, 28.6.2024, http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj

Saothrófar próiseas láidir comhchruthúcháin idir T&F agus SCE maidir le dícharbónú gach modha iompair go háirithe, ach maidir le fuinnimh freisin. Leanfaidh Fís Eorpach de thacú le Taighde agus Nuálaíocht san iompar agus san fhuinneamh. Cumhdóidh an Ciste Eorpach um Iomaíochas uas-scálú agus cur in úsáid réiteach nuálach ceannródaíoch le haghaidh dícharbónú, digiteáil, inbhuanaitheacht agus athléimneacht iompair agus fuinnimh (e.g. glúin nua de chóras Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta a dtacaíonn an Intleacht Shaorga agus néalteicneolaíochtaí leis, dé-úsáid sibhialta-mhíleata agus bád farantóireachta astaíochtaí nialasacha na todhchaí). Go háirithe, ba cheart an meascán is fearr de chaipiteal príobháideach agus poiblí le haghaidh na hinfheistíochtaí sin a shainaithint leis.

Ba cheart gníomhartha SCE a úsáid chun dul i ngleic le clistí margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar dhóigh chomhréireach, gan maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú agus ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith acu. Maidir leis sin, is féidir le bearta SCE agus an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta Eorpaigh[3] tacú lena chéile, toisc gur féidir cistiú poiblí a bheith éifeachtach chun tionscadail infheistíochta mhóra a dhí-rioscú agus infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh chuig an Aontas, rud a chruthaíonn éifeacht ghiarála mhór. An tráth céanna, is féidir le hinfhaighteacht mhéadaithe meán comhinfheistíochta éifeachtúil, amhail Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna), infheistíochtaí fadtéarmacha le hinfheisteoirí institiúideacha agus príobháideacha eile a thionscnamh go héifeachtúil i ndáil le tionscadail bhonneagair, agus ar an gcaoi sin is féidir go ndéanfar an cistiú atá ar fáil ó SCE a chomhlánú agus a mhéadú. Áiritheoidh sé sin comhsheasmhacht idir na gníomhartha faoin gclár agus faoi rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair freisin, lena n-áirítear tionscadail ilnáisiúnta amhail Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, agus seachnófar saobhadh míchuí iomaíochta sa mhargadh aonair.

Ní mór cuspóirí iompair agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach ar bhealach a áiritheoidh iomaíochas, fás eacnamaíoch, comhtháthú agus slándáil, i gcomhréir le beartais aeráide agus chomhshaoil. Ba cheart infheistíochtaí tacú leis an aeráidneodracht faoi 2050, cailliúint na bithéagsúlachta a sheachaint, agus an truailliú a laghdú nó deireadh a chur leis, i gcomhréir le beartais agus reachtaíocht an Aontais. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí réitigh dhúlrabhunaithe a chomhtháthú i dtionscadail, toisc gur minic is féidir leo an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú agus a bheith costéifeachtach an tráth chéanna, chomh maith le dul chun a leasa don tsochaí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Tá gréasáin thras-Eorpacha cumhdaithe faoi Airteagal 170 CFAE, Airteagal a shonraíonn: 'Rannchuideoidh an tAontas le gréasáin thras-Eorpacha a bhunú agus a fhorbairt in earnálacha bhonneagair an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh'.

Tá ceart an Aontais chun gníomhú i réimse an mhaoinithe bonneagar leagtha amach in Airteagal 171 CFAE, Airteagal a fhorálann go bhféadfaidh an tAontas 'tacú le tionscadail chomhleasa lena dtacaíonn na Ballstáit (...) go háirithe trí bhíthin staidéar indéantachta, ráthaíochtaí iasachta nó fóirdheontas úis'.

[3] COM/2025/124 final

Sonraíonn Airteagal 172 CFAE go nglacfaidh 'Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na treoirlínte agus na bearta eile dá dtagraítear in Airteagal 171(1)'.

Cumhdaítear comhar trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite le hAirteagal 194(1) CFAE, Airteagal a dhéanann an fhoráil seo a leanas: '[I] gcomhthéacs bhunú agus oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus ag féachaint don ghá atá ann an comhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú, beidh sé d'aidhm ag beartas an Aontais maidir le fuinneamh, de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit: (a) oibriú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú; (b) slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas a áirithiú; [agus] (c) an tíosacht agus an bharainn ar an bhfuinneamh a chur chun cinn mar aon le forbairt foirmeacha nua, inathnuaite fuinnimh'.

Chun na críche sin, mar a shonraítear in Airteagal 194(2) CFAE, 'bunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun na cuspóirí dá dtagraítear in [Airteagal 194(1)] a ghnóthú.'

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Mar gheall ar scála agus cineál na bhfadhbanna a ndíríonn SCE orthu, tá gníomhaíocht ón Aontas go sonrach de dhíth ina leith, ós rud é gur fadhbanna uile-Aontais iad de réir a gcineáil agus gur féidir iad a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus eascraíonn buntáistí níos mó as sin ar an iomlán, maille le cur chun feidhme níos luathaithe agus laghdú costais má dhéanann an Coimisiún comhordú ar bhearta na mBallstát.

Is é an cistiú ón Aontas an modh iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chistiúcháin a bhíonn le sárú ag tionscadail trasteorann de ghnáth freisin. Fágann dáileadh míchothrom buntáistí tionscadal agus costais tionscadal idir na Ballstáit éagsúla lena mbaineann gur deacra atá sé na tionscadail sin a mhaoiniú as foinsí cistiúcháin náisiúnta amháin.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta agus tagann sé faoin raon feidhme le haghaidh gníomhaíochta i réimse na ngréasán tras-Eorpach, mar a shonraítear in Airteagal 170 CFAE, agus in Airteagal 194 le haghaidh tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh inathnuaite. Tá an ghníomhaíocht a bheartaítear leis an togra seo teoranta go sonrach do ghné an Aontais den bhonneagar iompair agus fuinnimh agus de chur in úsáid trasteorann foinsí in-athnuaite fuinnimh.

- **An rogha ionstraime**

Leagtar amach an ionstraim reachtach agus an cineál birt (i.e. cistiú) araon in CFAE, a sholáthraíonn an bunús dlí do SCE, agus a shonraíonn gur féidir na cúraimí, na cuspóirí tosaíochta agus eagrúchán na ngréasán tras-Eorpach a shainiú i Rialacháin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá an mheastóireacht *ex post* ar SCE 2014-2020 agus an mheastóireacht mheántéarma ar SCE 2021-2027 á ndéanamh ag an am céanna agus tá cuid mhór den obair déanta.

Maidir le SCE 2014-2020, san earnáil iompair tháinig deireadh leis na comhaontuithe deontais uile ag deireadh 2024 agus tá na tionscadail á ndúnadh anois. Go dtí seo, tá breis agus leath de na tionscadail dúnta. Tá ráta ionsúcháin 91,3 % den bhuiséad leithdháilte ag baint leo siúd, i gcomparáid le méid an chomhaontaithe deontais deiridh a bhí i bhfeidhm. I bhfianaise an ardráta ionsúcháin sin, bhain cuid an-mhór de na tionscadail a dúnadh a gcuspóirí amach mar a leagtar amach iad sa chomhaontú deontais (mar shampla: dul chun cinn ar chur chun feidhme codanna trasteorann, cur in úsáid ERTMS, naisc chúlchríche fheabhsaithe do chalafoirt, uiscebhealaí intíre feabhsaithe, etc.).

Maidir le SCE 2014-2020 san earnáil fuinnimh, bhí 149 ngníomhaíocht sa phunann, agus tá 141 ghníomhaíocht díobh críochnaithe cheana. Tá 8 ngníomhaíocht, lena n-áirítear tionscadail tógála mhóra san earnáil fuinnimh, ar siúl go fóill. Ba é dul chun cinn airgeadais foriomlán phunann SCE-1 ina iomláine ag deireadh 2024 58 %.

Tá formhór an bhuiséid iompair agus an chuid is mó den bhuiséad fuinnimh le haghaidh SCE reatha 2021-2027 leithdháilte ar thionscadail. Rinneadh buiséad soghluaisteachta míleata SCE Iompar (EUR 1,7 billiún) a thús-ualú tar éis ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin agus tá sé go hiomlán leithdháilte. Leithdháileadh na cistí deiridh ag tús 2024, rud a d’fhág nach bhfuil aon acmhainn fágtha do na 4 bliana atá fágtha den CAI reatha. Faoi dheireadh 2024, bhí líon beag tionscadal críochnaithe (e.g. bonneagar breoslaí malartacha, limistéir páirceála sábháilte agus sláine). Faoi SCE Fuinneamh, roghnaíodh 166 TLC agus TLF faoi gcéad liosta TLC/TLF, agus bronnadh cistiú ar 41 díobh i nglao 2024, rud a léiríonn na riachtanais mhóra cistiúcháin i ndáil le bonneagar fuinnimh trasteorann.

Ós rud é gur próiseas fadtéarmach é infheistiú i mbonneagar, tá sé róluath torthaí SCE 2021-2027 a thomhas. Tá EUR 1,5 billiún i dtacaíocht deontais neamh-inaisíoctha faighte ag SCE, agus cuireann sin feabhas ar an nascacht trasteorann idir an tAontas agus an Úcráin agus acmhainneachtaí méadaithe trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta agus conairí GTE-I.

Deimhníonn réamhthorthaí an dá mheastóireacht SCE go bhfuil ag éirí go maith leis an gclár go dtí seo. Tá dearadh na hionstraime iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar easpa stairiúil cistiúcháin i mbonneagar trasteorann lena ngabhann breisluach ard Eorpach trí chistiú do na tionscadail sin a imfhálú in ionstraim thiomnaithe. Tá sí comhsheasmhach le hionstraimí cistiúcháin agus beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe maidir le dícharbónú agus inbhuanaitheacht comhshaoil. Tá a samhail rialachais (glaonna iomaíocha ar thogaí a úsáid agus bainistiú díreach cistí trí ghníomhaireacht láraithe) an-oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chláir agus cothrom iomaíochta a thabhairt d’iarratasóirí.

Meastar i gcónaí go bhfuil cistiú SCE fíor-riachtanach, toisc go gcumasaíonn sé tionscadail iompair ríthábhachtacha a mbeadh moilleanna suntasacha orthu, nó a mbeadh a raon feidhme laghdaithe, nó nach ndéanfaí ar chor ar bith mar gheall ar easpa cistiúcháin náisiúnta nó príobháidigh, murach é. Lasmuigh de thacaíocht airgeadais dhíreach, soláthraíonn SCE giaráil nach beag freisin, trí chaipiteal poiblí agus príobháideach breise a mhealladh agus a bheith ina ancaire straitéiseach don infheistíocht.

Is é an léiriú is déanaí ó líon agus luach na ngníomhaíochtaí arna gcistiú de réir an ábhair agus an fhochláir, agus ón Ráiteas ar Fheidhmíocht SCE 2021-2027, go bhfuil SCE ar an mbóthar ceart chun formhór a spriocanna aschuir a bhaint amach, agus go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis maidir leis na aschuir ionchasacha a chomhlíonadh. Cé gur fada go mbeidh na torthaí agus na tionchair iomlána ann, tugann conair reatha an chláir le fios go mbeidh torthaí dearfacha ann i gcomhréir le lena chuspóirí.

Mar a fhoráiltear in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2021/1153 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa[4] agus atá i bhfeidhm faoi láthair, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn i bhfómhar na bliana seo maidir le cur chun feidhme an chláir idir 2021 agus 2024. Cuirfidh sé i láthair maidir le gach earnáil: na glaonna éagsúla ar thograí, na príomhréimsí infheistíochta agus an chaoi a raibh SCE in ann ghéarchéimeanna a bhí ann le déanaí a fhreagairt.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 12 Feabhra seoladh sraith comhairliúchán poiblí a chumhdaigh speictream iomlán an chistithe ón Aontas a bheidh ann amach anseo, agus bhí sí ar oscailt go dtí an 6 Bealtaine 2025. Chumhdaigh comhairliúchán amháin cistí ón Aontas a chuirtear chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit agus na réigiúin agus chumhdaigh sé gréasáin thras-Eorpacha, an beartas comhtháthaithe, an comhbheartas talmhaíochta, an beartas iascaigh, an beartas muirí agus gnóthaí intíre.

Maidir le gréasáin tras-Eorpacha, cuireann páirtithe leasmhara i dtábhacht tábhacht chriticiúil ionstraim thiomnaithe ar leibhéal an Aontais a choinneáil ar bun le haghaidh an bhonneagair iompair (ar nós SCE), ar leithligh ó imchlúdaigh infheistíochta náisiúnta.

Tá údaráis phoiblí ó Lár agus Oirthear na hEorpa ar son tacaíocht thiomnaithe ón Aontas chun conairí GTE-I a uasghrádú agus a leathnú, agus iad ag tagairt do mhoilleanna ar leictriú, scrogaill san acmhainneacht lastais, agus bearnaí sa nascacht ilmhódach. Mar shampla, cuireann freagróirí ón bPolainn agus ón Rómáin in iúl go bhfuil gá le naisc níos fearr idir an t-oirthear agus an t-iarthar agus le córais chomharthaíochta idir-inoibritheacha chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht trasteorann.

I réimse an fhuinnimh, cuireann páirtithe leasmhara i dtábhacht roinnt dúshláin leanúnacha a bhaineann an bonn d'éifeachtúlacht agus cuimsitheacht thacaíocht an Aontais do bhonneagar fuinnimh. Cuireann údaráis phoiblí ón Rómáin, ón bPolainn, ón nGearmáin agus ón Spáinn i dtábhacht go bhfuil bonneagar eangaí atá as dáta, go háirithe i gceantair thuaithe agus i gceantair a bhraitheann ar ghual, ina bac maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid. Is minic nach mbíonn acmhainneacht tarchurtha leordhóthanach ag na réigiúin sin nó a bhíonn moilleanna iontu maidir le nuachóiriú eangaí, rudaí is cúis le tionscadail stoptha agus spriocanna aeráide caillte. Tarraingíonn gníomhaithe réigiúnacha agus bardasacha, go háirithe ón bhFionlainn agus ó na stáit Bhaltacha, ábhair imní anuas maidir le dul chun cinn mall idirnascairí trasteorann agus le pleanáil ilroinnte idir na leibhéil náisiúnta agus Eorpacha. Meastar go lagaíonn sé sin athléimneacht agus idir-inoibritheacht chóras fuinnimh na hEorpa, go háirithe i gcomhthéacs teannas geopholaitiúil.

Idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2025, d'eagraigh an Coimisiún Painéal Saoránach Eorpach maidir le Buiséad Eorpach Nua mar bhealach do na saoránaigh chun dul i dteagmháil le hinstitiúidí an Aontais agus chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le próiseas ceaptha beartas an Aontais. Mar chuid den imeacht, reáchtáladh trí sheisiún ar tháinig 150 saoránach chucu a roghnaíodh go randamach le chéile, lena n-áirítear seisiún ar an láthair ón 28 go dtí an 30 Márta, an dara seisiún ar líne (25-27 Aibreán) agus an tríú seisiún sa Bhruiséil (16-18 Bealtaine), arb é an ceann deiridh é. Rinne na rannpháirtithe, a tháinig ó gach ceann de 27 dtír

[4] Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

an Aontais agus a léirigh éagsúlacht an Aontais, a machnamh ar cá háit ar féidir le Buiséad an Aontais an breisluach is mó a thabhairt do mhuintir na hEorpa agus chuir siad i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá an bonneagar trasteorann, san iompar go háirithe. Bhí líon nach beag Ballstát ag iarraidh buiséad breise don tsoghluaisteacht mhíleata le linn an athbhreithnithe meántéarma ar an CAI reatha in 2024, mar gheall ar imchlúdach SCE a bheith caite. Iarrann roinnt Ballstát go tráthrialta freisin go socrófar an tsoghluaisteacht mhíleata mar thosaíocht d'infheistíochtaí ón Aontas sa bhonneagar iompair, i bhfianaise an chomhthéacs geopholaitiúil foriomláin agus forbairtí slándála athraitheacha ag cruinnithe den Chomhairle agus i bhformáidí a bhaineann le slándáil agus cosaint.

- **Measúnú tionchair**

Tacaíonn an measúnú tionchair ar imchlúdaigh réamh-leithdháilte go náisiúnta laistigh den CAI tar éis 2027, measúnú a cuireadh faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 7 Iúil 2025, leis an togra. Thug an Bord a thuairim uaidh an 10 Iúil.

Dhírigh an measúnú tionchair ar dhearadh agus raon feidhme na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun imchlúdaigh a réamh-leithdháilfear go náisiúnta a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme. Maidir le hinfheistíochtaí in iompar tras-Eorpach (lena n-áirítear an tsoghluaisteacht mhíleata), bonneagair fuinnimh agus comhar trasteorann san fhuinneamh in-athnuaite, rinne sé measúnú ar dhá rogha chun tionscadail trasteorann a chistiú: cur chun feidhme faoi imchlúdaigh a réamh-leithdháilfear go náisiúnta nó ionstraim thiomnaithe do thionscadail trasteorann.

Rinne an measúnú tionchair comparáid idir taithí a fuarthas ó thionscadail trasteorann faoi phleananna reatha náisiúnta agus réigiúnacha (e.g. beartas comhtháthaithe, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta) a chur chun feidhme agus taithí laistigh de SCE. Rinne sé measúnú freisin ar an ualach riaracháin d'údaráis na mBallstát agus do thionscnóirí tionscadail i ndáil leis an dá rogha agus phléigh sé an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistí an Aontais.

Tháinig an measúnú tionchair ar an gconclúid go n-áiritheodh tacaíocht ón Aontas faoi bhainistiú díreach an intuarthacht agus an chobhsaíocht atá de dhíth ar thionscadail trasteorann chasta. Bheifí in ann díriú ar na tionscadail is aibí ach deontais a leithdháileadh le cur chuige iomaíoch céimnithe.

Chuirfeadh naisc níos dlúithe idir cistiú ón Aontas agus tosaíochtaí beartais na bpleananna náisiúnta feabhas ar a ngné thrasteorann. Mar sin féin, bheadh sé níos casta agus níos costasaí d'údaráis na mBallstát agus do thionscnóirí tionscadail araon tionscadail bonneagair trasteorann a chur chun feidhme trí na pleananna. Na Ballstáit a gcláir infheistíochta a ailíniú le cláir na dtíortha comharsanacha, próiseas fad a bheadh ann, le linn na caibidlíochta tosaigh agus dá mbeadh aon leasú ann. Mar shampla, bheadh ar an nGearmáin a plean náisiúnta a chomhordú le hocht mBallstát chomharsanacha; bheadh cúig Bhallstát i gceist i gcás na hUngáire. I gcásanna ina mbeadh moill ar an bpróiseas i mBallstát amháin nó níos mó, d'fhéadfadh moilleanna iarmhartacha a bheith ann. D'fhéadfadh an Coimisiún tacú leis na hiarrachtaí comhordúcháin sin (le linn na caibidlíochta agus trí sholáthar cúnaimh theicniúil trí na pleananna), ach bheadh ualach nach beag ar údarás na mBallstát i gcónaí. D'fhéadfadh sé sin an t-ualach riaracháin ar thionscnóirí tionscadail a mhéadú cuid mhór freisin, toisc go mbeadh orthu tionscadail trasteorann a chur chun feidhme faoi roinnt pleananna náisiúnta agus tuairisciú a dhéanamh faoi scéimeanna tuairiscithe agus iniúchóireachta éagsúla (ceann in aghaidh an Bhallstáit).

Léirigh an measúnú tionchair, áfach, go bhféadfadh na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí freastal ar infheistíochtaí comhlántacha le haghaidh codanna trasteorann agus tionscadail atá an-ábhartha don Aontas. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin codanna leasa náisiúnta ar na gréasáin thras-Eorpacha agus tionscadail fuinnimh áirithe, amhail athneartuithe eangaí náisiúnta a thacaíonn le hidirnaisc trasteorann. Os rud é go ndéanfaí na tionscadail sin ar chríoch Ballstáit aonair, ní bheadh na costais bhreise thuasluaite i ndáil le tionscadail trasteorann lena mbaineann níos mó ná Ballstát amháin i gceist lena gcur chun feidhme. D'fhéadfadh leithdháiltí le haghaidh na dtionscadal sin a bheith an-ábhartha freisin dá gcuirfí le chéile iad le cistiú ón Aontas mar chuid de cheantanna fuinneamh in-athnuaite trasteorann a bhainistítear go lárnach (múnla an cheant mar sheirbhís).

D'áiritheodh tacaíocht ón Aontas faoi bhainistiú díreach an intuarthacht agus an chobhsaíocht atá de dhíth ar thionscadail trasteorann chasta. Ach cistiú a bhronnadh go díreach ar leibhéal an Aontais, bheifí in ann an tiomantas polaitiúil fadtéarmach do thionscadail a choinneáil ar bun, chun deimhneacht, intuarthacht agus cobhsaíocht leordhóthanach a chruthú d'infheisteoirí eile. D'éascódh bainistiú díreach cur chun feidhme comhordaithe tionscadal soghluaisteachta míleata chun iompar rianúil gasta trúpaí agus trealamh míleata ar fud an Aontas a éascú.

Deontais a leithdháileadh le cur chuige iomaíoch céimnithe faoi bhainistiú díreach, is rud é sin a d'áiritheodh intuarthacht an chistithe agus a d'fhágfadh go mbeifí in ann díriú ar na tionscadail is aibí nó ar na céimeanna is aibí de thionscadail. Thairis sin, dá mbeadh moilleanna suntasacha ann le linn an chur chun feidhme nó dá mbeadh na costais tionscadail ní b'ísle ná mar a raibh coinne leo (mar gheall ar nósanna imeachta soláthair phoiblí rathúla, mar shampla), ní fhéadfaí aon mhéid nár úsáid tairbhithe a ath-leithdháileadh ar thionscadail eile. D'áirithigh prionsabal 'úsáid é nó caill é' SCE go ndéantar cistí a optamú laistigh den chlár agus go ndéantar iad a ath-leithdháileadh ar thionscadail eile lena ngabhann an breisluach Eorpach is fearr. Do SCE 2014-2020, fágfaidh an cur chuige 'úsáid é nó caill é' go mbeidh sé indéanta ionsú an chláir a mhéadú ó thart ar 80 % go 90 % bunaithe ar na meastacháin reatha.

Laghdódh bainistiú díreach tionscadal trasteorann casta na costais riaracháin ar údaráis na mBallstát freisin. Cuidíonn barainneachtaí scála faoi shamhail seachadta costasbhunaithe costas iomlán an bhainistithe dhírigh a choinneáil íseal. Deimhnítear sin leis an gcóimheas táirgiúlachta ard agus gach ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha ag láimhseáil meánbhuiséad EUR 25 mhilliún in aghaidh na bliana. Cumhdaíonn sé sin saolré iomlán an bhainistithe tionscadail, ó fhoilsiú an ghlao go dtí an iniúchóireacht, lena n-áirítear aiseolas don bheartas agus tuairisciú. Tá bainistiú díreach tionscadal trasteorann san iompar agus san fhuinneamh costéifeachtach agus is é 0,39 % de chistí an Aontais sa tréimhse 2021-2027 atá i gceist leis, lena n-áirítear gach costas comhordúcháin agus bainistíochta arna thabhú sa Choimisiún.

Dá mbeadh ionstraim ar leithligh ann, áfach, bheadh iarrachtaí ag teastáil chun comhleanúnachas a áirithiú leis na hinfheistíochtaí iompair agus fuinnimh a bheadh sna pleananna.

Léiríonn an togra ón gCoimisiún na buntáistí a bhaineann le hionstraim thiomnaithe do thionscadail trasteorann a sainaithníodh sa mheasúnú tionchair.

- **Simpliú**

Beidh feidhm ag iarrachtaí simpliúcháin domhanda an Choimisiún faoin CAI tar éis 2027 maidir le seachadadh na gclár SCE freisin.

Tá SCE deartha chun forluí agus castacht a laghdú. Da bhrí sin, i ndáil leis an mbonneagar iompair agus leis an mbonneagar fuinnimh, díreoidh SCE ar thionscadail a bhfuil gné shoiléir thrasteorann ag baint leo agus atá comhlántach le hionstraimí faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

Tá rialacha na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus SCE ailínithe a mhéid is féidir. Laghdóidh teorannú soiléir idir SCE agus na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus ailíniú rialacha na castachta atá ann faoi láthair maidir le tírdhreach an chistithe ón Aontas agus rachaidh siad chun tairbhe d'údaráis na mBallstát agus do na tairbhithe araon.

Le haghaidh tuilleadh simplithe, braithfidh SCE, i gcás inarb iomchuí, ar roghanna costas simplithe (cnapshuimeanna, costais aonaid) nuair a bheidh deontais á leithdháileadh. Déanfaidh an rialachán foráil freisin maidir le creat dlíthiúil a bheidh simplithe a thuilleadh le haghaidh SCE tríd an bhféidearthacht forálacha agus coinníollacha a bhogadh go cláir oibre.

Is é is aidhm do Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] a mholtar mar chuid den CAI le haghaidh na tréimhse tar éis 2027 neamhréireacht agus castacht na gceanglas faireacháin agus tuairiscithe a laghdú. Ní shocrófar socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe ar leith le haghaidh gach ionstraime maoiniúcháin amhail SCE, ach déanfar iad a shimpliú agus a chuíchóiriú ar feadh CAI ar fad, lena n-áirítear maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an méid seo a leanas san áireamh i dtogra an Choimisiúin le haghaidh SCE: EUR 81 428 000 000 (i bpraghsanna reatha).

Bunaithe ar thaithí dhearfach le cur chun feidhme na gclár SCE roimhe seo, molann an Coimisiún leanúint den chlár nua, le haghaidh an dá earnáil SCE, a chur chun feidhme faoi bhainistiú díreach an Choimisiúin agus gníomhaireachta feidhmiúcháin.

Mar a leagtar amach sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach, cumhdóidh an buiséad molta an caiteachas oibríochtúil uile is gá le haghaidh chur chun feidhme chlár SCE, mar aon le costas na n-acmhainní daonna agus le caiteachas riaracháin eile a bhaineann le bainistiú an chláir.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1 – Ábhar

Leis an airteagal seo tugtar isteach ábhar an Rialacháin, is é sin clár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa a bhunú.

Airteagal 2 – Sainmhínithe

Leis an airteagal seo leagtar amach na sainmhínithe a bhaineann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3 – Cuspóirí an chláir

Leis an airteagal seo leagtar amach cuspóir ginearálta an chláir agus na cuspóirí sonracha le haghaidh gach earnála.

Airteagal 4 – Buiséad

Leis an airteagal seo leagtar amach leithdháileadh táscach airgeadais an chláir.

Na costais uile is gá maidir le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta, meastóireachta, agus eile; staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha is gá, maille le haon chúnamh teicniúil agus riaracháin eile is gá i ndáil le bainistiú an chláir, tá foráil san airteagal seo chun iad a chumhdach.

Airteagal 5 – Acmhainní breise

Leis an airteagal seo leagtar amach na coinníollacha maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais breise leis an gclár.

Airteagal 6 – Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach

Leis an airteagal seo áirithítear go bhféadfaidh gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht faighte aici faoin gclár ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, mura gcumhdóidh na ranníocaíochtaí na costais chéanna.

Airteagal 7 – Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár

Leis an airteagal seo leagtar amach na coinníollacha faoin bhféadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach sa chlár.

Airteagal 8 – Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

Leis an airteagal seo leagtar amach gurb é bainistiú díreach modh bainistíochta SCE. Is féidir gach foirm cistiúcháin agus tacaíochta airgeadais atá beartaithe faoin Rialachán Airgeadais a úsáid. Déanfar tacaíocht d'Ionstraimí Airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha a threorú trí ionstraim infheistíochta CEI (an Ciste Eorpach um Iomaíochas) nó sásra seachadta ED (an Eoraip Dhomhanda).

Airteagal 9 – Incháilitheacht

Leis an airteagal seo leagtar amach na critéir i leith daoine agus eintitis a bheith incháilithe don chlár.

Airteagal 10 – Rialacha comhlántacha maidir le deontais

Leis an airteagal seo leagtar amach na coinníollacha maidir leis na deontais a laghdú, a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó a aistriú chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus na rioscaí a bhaineann le moilleanna móra is féidir a bheith ann i gcás mórthionscadail bhonneagair a mhaolú. Déantar foráil ann go bhféadfaí deontais a laghdú nó a fhoirceannadh mura cuireadh tús leis an ngníomhaíocht ar bronnadh an deontas ina leith laistigh de bhliain tar éis an dáta tosaigh a tugadh sa chomhaontú deontais nó má thugann athbhreithniú ar dhul chun cinn na gníomhaíochtaí le fios gur bhain moilleanna chomh mór sin de chur chun

feidhme na gníomhaíochta nár dhócha go mbainfí amach cuspóirí na gníomhaíochta. Leis an airteagal seo déantar foráil maidir le simplithe ar chomhaontuithe deontais a bhaineann le tionscadal domhanda.

Leis an airteagal seo leagtar amach freisin na huasrátaí cómhaoiniúcháin is infheidhme maidir le gach earnáil.

Airteagal 11 –Tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite

Leis an airteagal seo leagtar amach cuspóirí agus coinníollacha tionscadal trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Soláthraítear ann critéir ghinearálta agus ceanglais nós imeachta maidir leis na tionscadail sin a roghnú agus tugann sé de chumhacht don Choimisiún critéir shonracha agus sonraí an phróisis a bhaineann leis na tionscadail sin a leagan síos le gníomh tarmligthe. Leis an airteagal seo déantar foráil freisin maidir leis an bhféidearthacht cistí a aistriú chuig sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2018/1999.

Airteagal 12 – Clár oibre

Leis an airteagal seo déantar foráil go gcuirfear an clár chun feidhme le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Airteagal 13 – Gníomhartha tarmligthe

Leis an airteagal seo ceadaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann leis an iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 14 – An tarmligean a fheidhmiú

San airteagal seo tá forálacha caighdeánacha maidir le tarmligean cumhachtaí.

Airteagal 15 – Nós imeachta coiste

Cumhdaíonn an t-airteagal seo coiste SCE de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Sonraítear ann go gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta comhairleach a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 16 – Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1679

Leis an airteagal seo déantar foráil maidir le leasú ar Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2024/1679 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. Is é is aidhm dó bunús dlí an Ghnímh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le caighdeáin bonneagar dé-úsáide dá bhforáiltear faoi láthair i Rialachán SCE (Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2024/1679) a athrú. Maidir leis an ngníomh cur chun feidhme sin, is bunús dlí níos oiriúnaí é Rialachán (AE) 2024/1679 lena leagtar síos na caighdeáin bhonneagair le haghaidh gréasáin GTE-I ná clár caiteachais SCE. Beidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328 ón gCoimisiún go fóill, áfach, go dtí go nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme nua i gcomhréir le hAirteagal 48.3 de Rialachán (AE) 2024/1679.

Airteagal 17 – Aisghairm

Leis an airteagal seo aisghairtear forálacha Rialachán SCE a bhí ann roimhe (Rialachán (AE) 2021/1153).

Airteagal 18 – Forálacha idirthréimhseacha

Leis an airteagal seo déantar foráil maidir leis na forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le gníomhartha SCE agus leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin.

Airteagal 19 – Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Leis an airteagal seo sonraítear go mbeidh feidhm ag an Rialachán ón 1 Eanáir 2028.

Iarscríbhinn

2025/0221 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1679 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/1153**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172, an chéad mhír, agus Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear leis an Rialachán seo Clár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (an 'Clár') d'fhonn dlús a chur leis an infheistíocht i réimse na ngréasán tras-Eorpach le haghaidh iompair agus fuinnimh agus chun cistiú a ghiaráil ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus an prionsabal maidir le neodracht na teicneolaíochta á urramú ag an am céanna. Tá sé d'aidhm aige freisin comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, amhail trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail trasteorann. Ba cheart, leis an gClár, úsáid sineirgí idir earnáil an iompair agus earnáil an fhuinnimh a éascú a mhéid is féidir, agus ar an gcaoi sin éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais a fheabhsú agus barrfheabhsú na gcostas cur chun feidhme a chumasú. Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don Chlár. Chun críche an Rialacháin seo, déantar praghsanna reatha a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.

(2) Is colún fíor-riachtanach d'fheidhmiú an Aontais é daoine agus earraí a iompar go héifeachtúil[3], agus tá ról ríthábhachtach aige sin maidir le hiomaíochas agus fás eacnamaíoch a chothú, comhtháthú a áirithiú, agus cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Le cumas na saoránach agus na n-earraí gluaiseacht faoi shaoirse agus go héifeachtúil i margadh aonair atá dea-nasctha agus iomlán, feabhsaítear nascacht, áirithítear rochtain ar phoist agus ar sheirbhísí, agus tacaítear le geilleagair áitiúla agus le trádáil. Ag an am céanna, is coinníoll é córas iompair dícharbónaithe inbhuanaithe a bheith ann chun spriocanna aeráide an Aontais a chomhlíonadh agus chun aghaidh a

[1] *IO L.., lch.

[2] *IO L.., lch.

[3] Lena n-áirítear daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine faoi mhíchumas.

thabhairt ar spleáchas straitéiseach neamh-inbhuanaithe gheilleagar an Aontais ar bhreosla iontaise. Tá iompar lastais éifeachtach agus slán fíor-riachtanach chun earraí bunriachtanacha a sholáthar do shaoránaigh, chun ár ngeilleagar a choimeád ag imeacht agus chun tacú lenár slándáil mhíleata. I dtuarascáil Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa[4], aithnítear a thábhachtaí atá sé níos mó infheistíochta a dhéanamh sa bhonneagar iompair agus cuirtear i dtábhacht an gá atá le margadh comhtháite iompair ilmhódaigh mar aon leis an éileamh láidir ar dhícharbónú agus ar réitigh ghlana. Iarrtar i dtuarascáil Draghi borradh a chur faoin digitiú san Aontas ar fud na bpríomhearnálacha eacnamaíocha, amhail earnáil an iompair. I dtuarascáil Letta maidir le todhchaí an mhargaidh inmheánaigh, leagtar béim ar earnáil an iompair mar phríomhréimse ina bhfuil comhtháthú Eorpach níos doimhne ríthábhachtach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh. Cuirtear i dtábhacht i dtuarascáil Letta go háirithe an gá atá leis an ngréasán GTE-I a chur i gcrích agus leagtar béim ar na deiseanna a bhaineann le gréasán iarnróid ardluais uile-Eorpach chun an taisteal san Eoraip a athrú ó bhonn agus lánpháirtiú an Aontais a spreagadh. I dtuarascáil Niinistö maidir le hullmhacht shibhialta agus mhíleata na hEorpa, leagtar béim ar a thábhachtaí atá lánaí iompair dé-úsáide le haghaidh gluaiseachtaí míleata agus slabhraí soláthair agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide mar aon leis an ngá atá le bealaí slána soláthair mhuirí le haghaidh thrádáil sheachtrach an Aontais.

(3) Ba cheart don Aontas tionscadail a éascú i réigiúin faoi mhíbhuntáiste, réigiúin nach bhfuil chomh nasctha sin, réigiúin tuaithe, réigiúin oileánacha, réigiúin chósta, réigiúin fhorimeallacha, réigiúin phlódaithe, na réigiúin is forimeallaí nó na réigiúin iargúlta ionas go bhféadfar rochtain a fháil ar na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh agus iompair agus tairbhí á dtabhairt don Aontas uile ag an am céanna ó thaobh slándála, iomaíochais agus comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach de. Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], sainaithnítear bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, sonraítear na ceanglais atá le comhlíonadh aige agus déantar foráil maidir le bearta chun na ceanglais sin a chur chun feidhme. Déantar foráil sa Rialachán sin maidir le croíghréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a chur i gcrích faoi 2030 agus an croíghréasán leathnaithe a chur i gcrích faoi 2040 trí bhonneagar nua a chruthú agus tríd an mbonneagar atá ann cheana a uasghrádú agus a athchóiriú go mór. Beidh gréasán ardfheidhmíochta d'iompar paisinéirí agus earraí mar thoradh air sin.

(4) Chun na cuspóirí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/1679 a bhaint amach, is gá tacaíocht airgeadais a thabhairt don fhorbairt trasteorann, lena n-áirítear calafoirt agus a naisc chúlchríche chomh maith le húsáid breoslaí malartacha, agus deireadh a chur leis na naisc atá in easnamh agus a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, go mbeidh na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár comhsheasmhach le pleananna oibre na gconairí arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) 2024/1679 agus le forbairt iomlán na ngréasán maidir le feidhmíocht agus idir-inoibritheacht.

---

4 Mario Draghi, '*A competitiveness strategy for Europe*' [Straitéis iomaíochais don Eoraip], Meán Fómhair 2024, https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/draghi-report_ga

5 Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024)

(5) Sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[6], aithníodh go raibh an tsoghluaisteacht mhíleata ina comhpháirt riachtanach do shlándáil agus cosaint na hEorpa agus leagadh béim ar bhreisluach an Aontais maidir le tacú le bonneagar dé-úsáide le haghaidh na soghluaisteachta. Le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], áiríodh den chéad uair imchlúdach airgeadais tiomnaithe chun bonneagar iompair dé-úsáide sibhialta-chosanta a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach go gcumasóidh bonneagar iompair an Aontais gluaiseacht thapa éifeachtúil pearsanra, ábhair agus trealaimh mhíleata d'aer, de thalamh agus d'uisce. Dá réir sin, ba cheart an bonneagar do gach modh iompair a uasghrádú chun na ceanglais mhíleata a chomhlíonadh. Ba cheart don Chlár comhlántacht a lorg leis na gníomhaíochtaí sonracha a dtacaítear leo faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas (maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) freisin), go háirithe chun rochtain na mBallstát ar chumais soghluaisteachta míleata a neartú, mar aon le hinfhaighteacht na gcumas sin, agus tacú le forbairt réiteach digiteach chun an tsoghluaisteacht mhíleata a éascú chomh maith le bearta a dtacaítear leo faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

(6) I réimse na soghluaisteachta míleata, tá sé d'aidhm ag an gClár rannchuidiú le hiompar trealaimh mhíleata agus pearsanra míleata a chumasú ar fud an Aontais go tapa agus ar mórscála, agus an saineolas míleata ar leibhéal an Aontais á chur san áireamh. Ba cheart an Clár a bheith comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais ullmhacht cosanta an Aontais a mhéadú mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030.

(7) D'fhorbair an tAontas a chórais spáis féin maidir le Suí, Loingseoireacht agus Uainiú (PNT) (Galileo, EGNOS agus LEO PNT), Clár um Fhaire agus um Fhaireachán na Cruinne (Copernicus, EOGS) agus nascacht shlán (GOVSATCOM agus IRIS$^2$). Cuireann siad uile ardseirbhísí ar fáil a chuireann tairbhí tábhachtacha eacnamaíocha ar fáil d'úsáideoirí poiblí agus príobháideacha. Dá bhrí sin, aon bhonneagar iompair nó fuinnimh a fhaigheann cistiú ó SCE, a úsáideann PNT nó seirbhísí um fhaire na Cruinne, ba cheart iad a bheith comhoiriúnach go teicniúil leis na seirbhísí sin. Chun an chomhoiriúnacht sin a áirithiú, i gcás inarb ábhartha, is féidir leis an gclár oibre a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó SCE lena n-áirítear PNT, teicneolaíocht nascachta nó faireacháin comhoiriúnach go teicniúil le córais spáis an Aontais.

(8) Cuirtear i bhfios go láidir i Straitéis ProtectEU gurb í an tslándáil bunchloch na saoirsí uile atá againn agus cuirtear leis an mbreithniú go ndéanfar an tslándáil a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais.

(9) Is coinníoll fíor-riachtanach é leathnú agus uasghrádú an bhonneagair fuinnimh le haghaidh fíor-Aontas Fuinnimh atá iomlán agus idirnasctha, lena n-áiritheofar slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh, inacmhainneacht fuinnimh agus iomaíochas tionsclaíoch an Aontais, agus lena gcomhlíonfar cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais i dtreo 2030 agus lena mbainfear aeráidneodracht amach faoi 2050. Tá gá le heangacha fuinnimh chun giniúint bhreise fuinnimh in-athnuaite a ghlacadh, lena n-áirítear giniúint amach ón gcósta, chun borradh a chur faoin dícharbónú tionsclaíoch

[6] Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, JOIN(2025) 120 final, an 19 Márta 2025.

[7] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj).

agus faoin leictriú tionsclaíoch, agus chun margadh inmheánach fuinnimh a fheidhmeoidh go maith agus a bheidh iomaíoch a áirithiú lena soláthrófar soláthar slán inacmhainne fuinnimh. Aithnítear i dTuarascáil Draghi freisin a thábhachtaí atá sé níos mó infheistíochta a dhéanamh i mbonneagair fuinnimh. I dtuarascáil Draghi, tarraingíodh aird go háirithe ar infheistíocht a dhéanamh in eangacha fuinnimh agus ar an ngá atá ann cur le húsáid bonneagair fuinnimh trasteorann chun comhtháthú fuinnimh in-athnuaite sa chóras Eorpach a áirithiú agus chun tionscal na hEorpa a dhícharbónú. Sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[8] agus sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne[9], leag an Coimisiún béim ar an ról ríthábhachtach a bhaineann leis an Aontas Fuinnimh a chur i gcrích trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair fuinnimh agus in eangacha trasteorann chun iomaíochas thionscal na hEorpa agus rathúnas na ndaoine a chosaint agus ar mhaithe le hinacmhainneacht agus slándáil an tsoláthair fuinnimh. Léirítear sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne gur cheart gach duine, gach pobal agus gach gnólacht tairbhe a bhaint as an aistriú glan. De réir na Tuarascála Faireacháin ar bhonneagair leictreachais[10] de chuid na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, is é 66 GW a bheidh sna riachtanais acmhainneachta trasteorann faoi 2030, agus ní thugtar aghaidh faoi láthair ar 32 GW den mhéid sin. Beidh ról tábhachtach ag tacaíocht an Chláir do thionscadail trasteorann chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin.

(10) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar idirnaisc fuinnimh trasteorann, lena n-áirítear tionscadail chasta amhail idirnascairí hibrideacha, lena n-áirítear na tionscadail sin is gá chun an sprioc 15 % ó thaobh idirnascadh an leictreachais de do 2030 a bhaint amach, sprioc a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

(11) Le Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], leagtar síos treoirlínte maidir le forbairt agus idir-inoibritheacht thráthúil an bhonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh. Déantar foráil ann maidir le tionscadail leasa choitinn agus tionscadail leasa fhrithpháirtigh a shainaithint agus cinntear leis na coinníollacha maidir le hincháilitheacht na dtionscadal sin le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas. Mar sin féin, ós rud é gur tionscadail trasteorann iad, ní hamháin go gcruthaíonn

8 COM/2025/85 final

9 COM/2025/79 final

10 ACER: *Electricity infrastructure development to support a competitive and sustainable energy system* [Bonneagar leictreachais a fhorbairt chun tacú le córas fuinnimh iomaíoch agus inbhuanaithe], Tuarascáil Faireacháin 2024, https://www.acer.europa.eu/sites/default/files/documents/Publications/ACER_2024_Monitoring_Electricity_Infrastructure.pdf.

11 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

12 Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj).

tionscadail leasa choitinn agus tionscadail leasa fhrithpháirtigh seachtrachtaí suntasacha dearfacha agus go gcothaíonn siad dlúthpháirtíocht, ach baineann dúshláin shonracha leo freisin do thionscnóirí tionscadail, ós rud é gur tionscadail ildlínse iad agus go mbaineann dúshláin chomhordúcháin agus dáileadh costas agus sochar, dáileadh a bhíonn neamhshiméadrach go minic. Dá bhrí sin, teastaíonn tacaíocht ar leibhéal an Aontais uathu.

(12) I réimse an fhuinnimh, is é is aidhm don Chlár rannchuidiú le forbairt na dtionscadal leasa choitinn agus na dtionscadal leasa fhrithpháirtigh, d'fhonn comhtháthú an mhargaidh fuinnimh agus idir-inoibritheacht gréasán fuinnimh thar theorainneacha a chur chun cinn. Thairis sin, is é is aidhm don Chlár dícharbónú a éascú, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh lena n-áirítear giniúint fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála nach gcomhlíonann critéir incháilitheachta Rialachán (AE) 2022/869. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart leasanna na bpáirtithe leasmhara uile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chur san áireamh.

(13) Tá comhar trasteorann idir na Ballstáit, nó idir na Ballstáit agus tríú tíortha, i réimse an fhuinnimh in-athnuaite ríthábhachtach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le dícharbónú, iomaíochas, cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus slándáil an tsoláthair ar bhealach costéifeachtach inbhuanaithe. Is é is aidhm don Chlár aghaidh a thabhairt ar an riosca go bhfanfaidh an comhar trasteorann ar leibhéal fo-optamach in éagmais cúnamh airgeadais ón Aontas.

(14) Ba cheart tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite coigilteas costais a sholáthar chun fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid ar fud an Aontais nó tairbhí eile a sholáthar maidir le comhtháthú córas, slándáil an tsoláthair, iomaíochas nó nuálaíocht, i gcomparáid le tionscadal den chineál céanna a bheadh á chur chun feidhme ag aon Bhallstát rannpháirteach amháin nó ag aon tríú tír amháin. Agus na tionscadail á roghnú aige, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar a mhéid a rannchuidíonn siad le comhtháthú breise mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais agus ba cheart dó féachaint le cothromaíocht gheografach a chur san áireamh, i gcás inar féidir. I gcás deontais le haghaidh oibreacha, ba cheart don iarratasóir a léiriú gur gá clistí margaidh nó bacainní airgeadais a shárú amhail inmharthanacht tráchtála neamhleor, costais tosaigh arda nó easpa maoiniú margaidh.

(15) Leis an gClár, ba cheart aistriú cistí chuig sásra an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1999[13] a chumasú, chun rannchuidiú leis an gcreat cumasúcháin a leagtar amach in Airteagal 3(5) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áirithiú[14]. D'fhéadfadh baint a bheith ag an aistriú sin freisin le tionscadail a thagann faoin sainmhíniú ar thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. I gcás inarb

---

[13] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

[14] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

ábhartha, ba cheart don Choimisiún féachaint le tosaíocht a thabhairt don tacaíocht airgeadais sin do thionscadail lena méadaítear comhtháthú breise mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais, lena n-áirítear tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite.

(16) Ba cheart sineirgí a áirithiú idir forbairt gréasán tras-Eorpach in earnáil an iompair agus in earnáil an fhuinnimh agus i dtionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a bhfuil tionchar láidir trasteorann acu agus a fhaigheann tacaíocht ó SCE, agus tionscadail iompair agus fuinnimh faoi raon feidhme na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas. D'fhéadfadh tacaíocht do Thionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) atá dírithe ar bhonneagair thrasteorann in earnáil an iompair agus in earnáil an fhuinnimh a bheith i gceist freisin le sineirgí.

(17) Ba cheart don Chlár comhleanúnachas a lorg freisin le gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Eoraip Dhomhanda. Tá sé tábhachtach go mbeadh na gréasáin thras-Eorpacha iompair agus fuinnimh nasctha go maith le tríú tíortha. Sainaithnítear sna creataí beartais ar leith tionscadail leasa choitinn idir na Ballstáit agus tríú tíortha, nó tionscadail leasa fhrithpháirtigh, arb iad an rud is tábhachtaí iad le haghaidh naisc iompair agus fuinnimh ó na tríú tíortha sin agus chucu. I gcás na dtionscadal sin, ba cheart an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin gClár a chomhordú go dlúth leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin Eoraip Dhomhanda. I réimse an iompair, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na codanna trasteorann a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(18) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil agus cláir de chuid an Aontais atá níos solúbtha. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí SCE, ba cheart aird chuí a thabhairt sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú ag an am céanna le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid.

(19) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais faoin gClár, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le cineálacha eile tacaíochta neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha, a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha infheidhme Ionstraim InvestEU CEI agus shásraí seachadta ED trí chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le haghaidh an chineáil sin tacaíochta faoi Ionstraim InvestEU CEI agus sásraí seachadta ED.

(20) I gcásanna inarb i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraim airgeadais atá tacaíocht ón Aontas le soláthar faoin gClár, lena n-áirítear cásanna ina mbeidh an tacaíocht sin agus tacaíocht neamh-inaisíoctha comhcheangailte ionas gur oibríocht mheasctha atá i gceist, is gá an tacaíocht sin a sholáthar trí Ionstraim InvestEU CEI agus sásraí seachadta ED amháin, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid Ionstraim Infheistíochta CEI agus sásraí seachadta ED. I gcás ina mbaineann Ionstraim InvestEU CEI cuspóirí an Chláir seo amach, ba cheart tacaíocht chomhairleach a bheith ar fáil do gach Ballstát arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart a chumhdach le tacaíocht den sórt sin fothú acmhainneachta, tacaíocht do shainaithint, ullmhú agus cur chun feidhme tionscadail, chomh maith le comhairle maidir le hionstraimí airgeadais agus ardáin infheistíochta.

(21) Ba cheart don Chlár an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú atá ar fáil trí dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gcistiú a chuirtear ar fáil agus trí dheontais a laghdú nó deireadh a chur leo, i gcás inarb iomchuí. Leis sin, an buiséad atá tiomnaithe do ghníomhaíocht nach gcaitear le linn na tréimhse ama ainmnithe, ba cheart go bhféadfaí é a ath-leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí eile a thagann faoi raon feidhme an Chláir seo.

(22) I bhfianaise an mhéid oibre is gá, d'fhéadfadh sé tarlú, ar mhaithe le cuid trasteorann a chur chun feidhme, go ndéanfaí roinnt gníomhaíochtaí go comhthreomhar agus go dtacófaí leo trí chomhaontuithe deontais éagsúla, ach go rannchuideoidís leis an gcuspóir céanna ar a dtugtar an 'tionscadal domhanda'. Chun rannchuidiú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní an Aontais agus chun a áirithiú gur féidir cuspóirí tábhachtacha bonneagair a bhaint amach ina n-iomláine, ba cheart, leis an gClár, go mbeifí in ann na cistí atá ar fáil a atreorú laistigh de raon feidhme an tionscadail dhomhanda chéanna. Gan dochar d'úsáid nósanna imeachta iomaíocha i gcomhréir le hAirteagal 192(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus sa bhreis ar fhorálacha Airteagal 198 den Rialachán sin, ba cheart é a bheith indéanta an t-atreorú cistí sin a dhámhachtain trí bhíthin leasuithe ar na gníomhaíochtaí bunaidh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre, lena n-áirítear an ranníocaíocht uasta ón Aontas.

(23) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gClár. Leagtar síos leis an Rialachán na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(24) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, is iad na cláir oibre agus na doiciméid ghlao an áit iomchuí chun sonraí cur chun feidhme níos teicniúla le haghaidh an bhuiséid a leagan amach ar fud na sraithe beartas a dtacaíonn an Clár leo, lena n-áirítear critéir shonracha incháilitheachta agus dhámhachtana ag brath ar ionstraim chur chun feidhme an bhuiséid, cibé acu ionstraim deontais nó soláthair, agus na cuspóirí beartais sonracha atá á saothrú. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, ba cheart feidhm a bheith ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca, ar chúiseanna slándála.

(25) Leis an tacaíocht a sholáthrófar leis an gClár, ba cheart go gcuirfí borradh faoin infheistíocht trí aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, trí dhúbláil nó plódú a sheachaint, agus trí chistiú príobháideach a spreagadh agus ba cheart breisluach soiléir Aontais a bheith aici. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE maidir le hacmhainní náisiúnta, áiritheofar leis an gcur chuige sin comhsheasmhacht idir na gníomhaíochtaí faoin gClár agus na rialacha maidir le státchabhair, agus ar an gcaoi sin seachnófar saobhadh míchuí iomaíochta ar an margadh inmheánach. Thairis sin, is féidir le bearta SCE agus an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta Eorpaigh[16] tacú lena chéile, toisc gur féidir le cistiú poiblí a bheith éifeachtach chun tionscadail infheistíochta mhóra a dhí-rioscú agus infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh

[15] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

[16] COM/2025/124 final

chuig an Aontas, rud a chruthaíonn éifeacht ghiarála mhór. An tráth céanna, is féidir le hinfhaighteacht mhéadaithe meán comhinfheistíochta éifeachtúil, amhail Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna), infheistíochtaí fadtéarmacha le hinfheisteoirí institiúideacha agus príobháideacha eile a thionscnamh go héifeachtúil i ndáil le tionscadail bhonneagair, agus ar an gcaoi sin is féidir go ndéanfar an cistiú atá ar fáil ó SCE a chomhlánú agus a mhéadú.

(26) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gClár a chur chun feidhme trí chláir oibre, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[17].

(27) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95[19], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 [20] agus (AE) 2017/1939 ón gComhairle[21], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais

---

[17] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13-18.

[18] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle , (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj)

[19] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

[20] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.96, lch. 2). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

[21] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

[22] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú. Ní mór do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

*(28)* Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán maidir le feidhmiú] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú gur go haonfhoirmeach a dhéanfar an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne a chur i bhfeidhm, prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus le tuairisciú ina taobh, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, agus forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail forálacha maidir le faisnéis, le cumarsáid agus le hinfheictheacht.

(29) De bhun Airteagal 85(1) de Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle[23], tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear (TCTLanna) incháilithe chun cistiú a fháil faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát a bhfuil an TCT nasctha leis.

(30) Ba cheart don Chlár cearta daoine faoi mhíchumas a urramú agus, go háirithe, inrochtaineacht a áirithiú dóibh, go háirithe in earnáil an iompair.

(31) Ba cheart an Clár a bheith oscailte do chomhar le tríú tíortha i gcás ina bhfuil sé sin chun leas an Aontais. Sa mhéid sin, féadfaidh an tAontas tríú tíortha a chomhlachú, go hiomlán nó go páirteach, i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha an Chláir. Ba cheart an comhlachas a bheith faoi réir cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír agus ba cheart cosaint leasanna airgeadais agus slándála an Aontais a áirithiú leis.

(32) Chun aird chuí a thabhairt ar fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na leasuithe ar liosta táscach na dtionscadal leasa choitinn san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe san áireamh, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[24]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint

---

[23] Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1764/oj).

[24] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(33) Le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/1153, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide. Ar an mbonn sin, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328 ón gCoimisiún[25]. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil le glacadh Rialachán (AE) 2024/1679 agus chun a áirithiú go mbeifear in ann na ceanglais bhonneagair a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh gan beann ar fhad teoranta an rialacháin seo, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide a leagan síos sa Rialachán sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1679 a leasú dá réir sin ionas go dtabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na críche sin.

(34) Ba cheart Rialachán (AE) 2021/1153 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Bunaítear leis an Rialachán seo an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (an 'Clár') agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad le haghaidh na tréimhse 2028-2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'gníomhaíocht' aon ghníomhaíocht a bhfuil sé aitheanta gur gníomhaíocht í atá neamhspleách ó thaobh airgeadais agus ar bhonn teicniúil de, a bhfuil tréimhse ama shocraithe leagtha amach di agus atá riachtanach chun tionscadal a chur chun feidhme;
2. ciallaíonn 'gréasán tras-Eorpach iompair' an gréasán tras-Eorpach iompair dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2024/1679;
3. ciallaíonn 'tionscadal leasa choitinn' tionscadal leasa choitinn mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2024/1679 nó Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2022/869;

[25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 lena sonraítear na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide de bhun Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 288, 11.8.2021, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1328/oj).

4. ciallaíonn ‘gréasán tras-Eorpach iompair inbhuanaithe’ gréasán tras-Eorpach iompair a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 5 agus 45 de Rialachán (AE) 2024/1679;

5. ciallaíonn ‘gréasán tras-Eorpach iompair cliste’ gréasán tras-Eorpach iompair a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 43 agus 45 de Rialachán (AE) 2024/1679

6. ciallaíonn ‘gréasán tras-Eorpach iompair athléimneach’ gréasán tras-Eorpach iompair a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2024/1679;

7. ciallaíonn ‘soghluaisteacht mhíleata’ cumas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát pearsanra míleata, trealamh míleata agus soláthairtí míleata a iompar, a bhogadh agus a imscaradh go tapa agus go héifeachtach laistigh de theorainneacha na mBallstát agus tharstu, lena n-áirithítear freagairt thráthúil éifeachtach ó fhórsaí armtha na mBallstát;

8. ciallaíonn ‘staidéir’ gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun cur chun feidhme tionscadal a ullmhú, amhail staidéir ullmhúcháin, staidéir mhapála, staidéir féidearthachta, staidéir mheastóireachta, staidéir thástála agus staidéir bhailíochtaithe, lena n-áirítear staidéir i bhfoirm bogearraí, agus aon bheart tacaíochta teicniúla eile, lena n-áirítear réamhbheart chun tionscadal a shainmhíniú agus a fhorbairt agus chun cinneadh a dhéanamh maidir lena mhaoiniú, amhail taiscéalaíocht na suíomhanna lena mbaineann agus ullmhú an phacáiste airgeadais;

9. ciallaíonn ‘oibreacha’ ceannach, soláthar agus cur chun úsáide comhpháirteanna, córas agus seirbhísí lena n-áirítear bogearraí, cur i gcrích gníomhaíochtaí forbartha agus tógála agus suiteála a bhaineann le tionscadal, glacadh le suiteálacha agus tionscadal a sheoladh;

10. ciallaíonn ‘tionscadal leasa fhrithpháirtigh’ tionscadal leasa fhrithpháirtigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE) 2022/869;

11. ciallaíonn ‘tionscadal trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite’ aon cheann díobh seo a leanas:

    (a) tionscadal chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh a áirítear i gcomhaontú comhair de réir bhrí Airteagail 8, 9, 11 nó 13 de Threoir (AE) 2018/2001;

    (b) tionscadal stórála, lena n-áirítear stóráil fuinnimh chomhshuite de réir bhrí Airteagal 2, pointe (44d), de Threoir (AE) 2018/2001, a thacaíonn le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú i gcóras fuinnimh an Aontais, cé is moite de shaoráidí stórála fuinnimh de réir bhrí Iarscríbhinn II, pointe (1)(c), de Rialachán (AE) 2022/869 agus atá san áireamh i socrú comhchosúil idir dhá Bhallstát nó níos mó, nó idir Ballstát amháin nó níos mó agus tríú tír amháin nó níos mó.

*Airteagal 3*

***Cuspóirí an Chláir***

*1.* Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir na gréasáin thras-Eorpacha in earnáil an iompair agus in earnáil an fhuinnimh a thógáil, a fhorbairt, a dhaingniú, a nuachóiriú agus a chur i gcrích, chun tacú le margadh aonair feidhmiúil agus comhtháthú a chothú; chun soghluaisteacht mhíleata ar na gréasáin thras-Eorpacha iompair a éascú; chun

comhar trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a éascú; agus chun sineirgí a éascú i measc earnáil an iompair agus earnáil an fhuinnimh.

2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

(a) in earnáil an iompair:

(i) rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn a bhaineann le gréasáin iompair idirnasctha, idir-inoibritheacha, dhícharbónaithe, chliste, shábháilte, inbhuanaithe, athléimneacha, shlána agus ilmhodhacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1679, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(1) gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tionscadail leasa choitinn a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo lena gcuirtear chun feidhme an gréasán tras-Eorpach iompair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir leis na codanna táscacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tionscadail leasa choitinn a bhfuil gné Aontais ag baint leo agus a bhaineann le gréasán tras-Eorpach iompair atá cliste, athléimneach, dícharbónaithe agus inbhuanaithe a chur i gcrích;

(3) gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tionscadail leasa choitinn a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo le tríú tíortha a chuireann an gréasán tras-Eorpach iompair chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1679;

(ii) codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú le haghaidh dé-úsáid an bhonneagair iompair d’fhonn an tsoghluaisteacht shibhialtach agus mhíleata araon a fheabhsú, agus ag díriú ar na ceithre Chonair Soghluaisteachta Míleata Tosaíochta de chuid an Aontais arna sainaithint ag na Ballstáit in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas agus lasmuigh de, mar a d’fhormheas an Chomhairle an 18 Márta 2025 agus le tagairt 6728/25 ADD1;

(b) in earnáil an fhuinnimh,

(i) rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn agus tionscadal leasa fhrithpháirtigh mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2022/869, d’fhonn cur i gcrích an Aontais Fuinnimh, comhtháthú margaidh inmheánaigh fuinnimh atá éifeachtúil agus iomaíoch, agus idir-inoibritheacht gréasán thar theorainneacha agus earnálacha a chur chun cinn, dícharbónú an gheilleagair a éascú, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus athléimneacht agus slándáil an tsoláthair a áirithiú;

(ii) comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite nó trí thairiscint iomaíoch ar thionscadail nua fuinnimh in-athnuaite faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1999, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 11(5) den Rialachán seo, d’fhonn cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le dícharbónú, iomaíochas, cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh

fuinnimh, athléimneacht agus slándáil an tsoláthair ar bhealach costéifeachtach.

*Airteagal 4*

***Buiséad***

1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach i gcomhair chur chun feidhme an Chláir le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag EUR 81 428 000 000 i bpraghsanna reatha.

2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, seo a leanas go táscach mar a dháilfear é:

   (a) EUR 51 515 000 000 le haghaidh na gcuspóirí sonracha maidir le hiompar agus soghluaisteacht mhíleata dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a);

   (b) EUR 29 912 000 000 le haghaidh na gcuspóirí sonracha maidir le fuinneamh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b).

3. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná bliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

4. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais ar an taobh thall de 2034 chun an speansas is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú.

5. Féadfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 5 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár agus na treoirlínte earnáilsonracha i Rialachán (AE) 2024/1679 nó Rialachán (AE) 2022/869 a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus an cúnamh teicniúil agus riaracháin eile go léir nó an speansas eile go léir a bhaineann le baill foirne arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.

*Airteagal 5*

***Acmhainní breise***

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, féadfaidh siad ranníocaíochtaí breise airgeadais nó neamhairgeadais a dhéanamh leis an gClár, gan dochar d’Airteagail 107 agus 108 CFAE. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a chur ar fáil le haghaidh an Chláir, má iarrann na Ballstáit sin. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Beidh siad de bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun tairbhe an Bhallstáit lena

mbaineann. I gcás nach mbeidh gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh méideanna breise a chuirfear ar fáil ar an gcaoi sin i gcomhair an Chláir, féadfar, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach ábhartha amháin nó níos mó nó chuig a gcomharbaí.

*Airteagal 6*

***Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhordú le cláir eile de chuid an Aontais. Féadfaidh gníomhaíocht a mbeidh ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, nó d’fhéadfaí sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile faoin gClár, agus d’fhéadfaí gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostas incháilithe a bheidh na ranníocaíochtaí ón Aontas bunaithe, ní rachaidh an tacaíocht charnach as buiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Nósanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin gClár, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile (‘comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach’), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, féadfaidh na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach an nós imeachta sin a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, EURATOM) 2024/2509 freisin.

*Airteagal 7*

***Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár***

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe sin agus is infheidhme maidir le:

   (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith le micreastáit Eorpacha;

   (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha;

(c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

(d) tríú tíortha eile.

2. Leis na comhaontuithe comhlachais maidir le rannpháirtíocht sa Chlár:

(a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chlár;

(b) leagfar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Chlár, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le clár agus lena chostais riaracháin ghinearálta, ranníocaíochtaí arb éard atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta;

(c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

(d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

(e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

Chun críocha phointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirfear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

*Airteagal 8*

***Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

2. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar, agus tabhartais neamhairgeadais .

3. I gcásanna inarb i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais a dhéanfar tacaíocht ón Aontas a sholáthar, lena n-áirítear cásanna ina mbeidh an tacaíocht sin agus tacaíocht neamh-inaisíoctha comhcheangailte ionas gur oibríocht mheasctha atá i gceist, is trí Ionstraim InvestEU CEI nó sásra seachadta ED amháin a dhéanfar í a sholáthar, agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid Ionstraim InvestEU CEI nó shásra seachadta ED trí chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le haghaidh an chineáil sin tacaíochta faoi Ionstraim InvestEU CEI nó sásraí seachadta ED.

4. Agus tacaíocht ón Aontas á soláthar i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí, ní shárófar an t-uasmhéid ráthaíochta buiséadaí arna leagan síos le [Rialachán CEI nó ED].

5. I gcás ina mbainfidh an Clár úsáid as Ionstraim InvestEU CEI nó sásra seachadta ED, déanfar foráil leis maidir leis an ráthaíocht bhuiséadach agus an maoiniú a sholáthar le haghaidh ionstraimí airgeadais, i gcásanna ina mbeidh an méid sin agus tacaíocht neamh-inaisíoctha comhcheangailte ionas gur oibríocht mheasctha a bheidh i gceist, i measc cásanna eile.

*Airteagal 9*

***Incháilitheacht***

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo agus i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. I gcás nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar nó a fháil:

   (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

   (b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

   (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

   (d) eintitis eile atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe i gcás ina mbeidh cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuideoidh sé leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

3. Anuas ar Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh in aon cheann de na sásraí soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tairbhiú d'aon cheann díobh. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le tríú tíortha comhlachaithe rannpháirteacha.

4. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca, i gcomhréir le dlí an Aontais, ar chúiseanna slándála.

5. A mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a) den Rialachán seo, áiritheofar leis an measúnú ar na tograí de réir na gcritéar dámhachtana, i gcás inarb infheidhme, go mbeidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir le pleananna oibre na gconairí agus leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 54 agus 55 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1679 agus go gcuirfear san áireamh iontu tuairim chomhairleach an Chomhordaitheora Eorpaigh a bheidh freagrach de bhun Airteagal 52(9) den Rialachán sin.

6. Cuirfidh Ballstát amháin nó níos mó tograí deontais isteach nó cuirfear isteach iad le formheas na mBallstát lena mbaineann an tionscadal leasa choitinn nó an tionscadal leasa fhrithpháirtigh.

7. Nósanna imeachta dámhachtana maidir le deontais, nó codanna díobh, atá maoinithe ina n-iomláine cheana as foinsí poiblí nó príobháideacha eile, cé is moite de ranníocaíochtaí ón Aontas i gcomhthéacs gníomhaíochtaí sineirge dá dtagraítear in Airteagal 6, ní bheidh siad incháilithe chun cistiú a fháil.

8. Leis an gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 nó na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar

na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh nó féadfar critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos maidir le gníomhaíochtaí sonracha.

*Airteagal 10*

***Rialacha comhlántacha maidir le deontais***

1. I dteannta na bhforas le laghdú a leagtar amach in Airteagal 132(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar méid an deontais a laghdú faoi na coinníollacha seo a leanas:

   (a) a mhéid a bhaineann le staidéir, i gcás nár tosaíodh an ghníomhaíocht laistigh d’aon bhliain amháin, tar éis an dáta tosaigh a shonraítear sa chomhaontú deontais;

   (b) a mhéid a bhaineann le hoibreacha, i gcás nár tosaíodh an ghníomhaíocht laistigh de 2 bhliain, tar éis an dáta tosaigh a shonraítear sa chomhaontú deontais;

   (c) tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na gníomhaíochta, go mbeidh sé léirithe go raibh moill chomh mór sin ar chur chun feidhme na gníomhaíochta gur dóigh nach ngnóthófar a cuspóirí;

2. Féadfar an comhaontú deontais a leasú nó a fhoirceannadh ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1.

3. Déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá ar fáil agus a eascraíonn as cur i bhfeidhm mhír 1 nó mhír 2 a chur ar fáil faoin gClár seo.

4. Gan dochar d’úsáid nósanna imeachta iomaíocha i gcás inarb iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 192(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus de bhreis ar Airteagal 198 den Rialachán sin, féadfar leis an gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo, i gcás ina mbeidh údar cuí leis agus tagairt á déanamh don ghá le cur i gcrích tionscadail fhoriomláin a éascú, gníomhaíocht agus tairbhithe a shonrú, agus méid a leagan amach a bhféadfar cuireadh a thabhairt do thograí suas leis chun síneadh a chur le gníomhaíochtaí a bheidh ar bun nó a bheidh curtha i gcrích faoin gClár, agus cóir chomhionann agus trédhearcacht á n-áirithiú ag an am céanna i gcomhréir le hAirteagal 191 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Féadfaidh an dámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí leanúnacha a chur i bhfoirm leasaithe ar an ngníomhaíocht bhunaidh trí ghníomhaíochtaí nua a chur léi agus trí ranníocaíocht uasta an Aontais a mhéadú. Úsáidfear na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo chun na méideanna a bheidh forchoimeádta sa chlár oibre do dhámhachtainí den sórt sin a chumhdach.

5. Maidir le staidéir, ní rachaidh méid na tacaíochta airgeadais ón Aontas thar 50 % den chostas incháilithe iomlán.

6. Maidir le hoibreacha a bhaineann leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a), ní rachaidh méid na tacaíochta airgeadais ón Aontas thar 50 % den chostas incháilithe iomlán. I gcás an ráta cómhaoinithe le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanfar i mBallstáit a bhfuil OIN *per capita* níos lú ná 90 % de OIN an Aontais acu, ní rachaidh méid na tacaíochta airgeadais ón Aontas thar 75 % den chostas incháilithe iomlán.

7. Maidir le hoibreacha a bhaineann leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) ní rachaidh méid na tacaíochta airgeadais ón Aontas thar 50 % den chostas incháilithe iomlán;

(b) féadfar rátaí cómhaoinithe dá dtagraítear i bpointe (a) a ardú go 75 %, ar a mhéad, den chostas incháilithe iomlán i gcás gníomhaíochtaí lena rannchuideofar le tionscadail leasa choitinn a fhorbairt, ar tionscadail iad, ar bhonn na fianaise dá dtagraítear in Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/869, lena dtugtar leibhéal ard slándála soláthair réigiúnaigh nó leibhéal ard slándála soláthair ar fud an Aontais, agus lena neartaítear dlúthpháirtíocht an Aontais nó a bhfuil réitigh atá thar bheith nuálach iontu.

8. San earnáil iompair agus san earnáil fuinnimh, a mhéid a bhaineann le hoibreacha a dhéanfar sna réigiúin is forimeallaí, beidh feidhm ag ráta cómhaoinithe sonrach uasta 60 %.

9. Leis an tacaíocht a sholáthrófar leis an gClár, cuirfear dlús le hinfheistíochtaí nó cuirfear borradh fúthu trí aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, trí dhúbláil nó plódú a sheachaint, agus trí chistiú príobháideach a spreagadh agus beidh breisluach Aontais ag baint léi.

*Airteagal 11*

***Tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite***

1. Déanfaidh an Coimisiún, uair sa bhliain ar a laghad, tionscadail trasteorann a roghnú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, ar bhonn na gcritéar agus an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo, sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo agus sa chlár oibre gaolmhar dá dtagraítear in Airteagal 12.

2. Ba cheart tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite coigilteas costais a sholáthar chun fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid ar fud an Aontais nó tairbhí eile a sholáthar maidir le comhtháthú córas, slándáil an tsoláthair, iomaíochas nó nuálaíocht, i gcomparáid le tionscadal den chineál céanna a bheadh á chur chun feidhme ag aon Bhallstát rannpháirteach amháin nó ag aon tríú tír amháin.

3. I gcás deontais le haghaidh oibreacha, ba cheart don iarratasóir a léiriú gur gá clistí margaidh nó bacainní airgeadais a shárú amhail inmharthanacht tráchtála neamhleor, costais tosaigh arda nó easpa maoiniú margaidh.

4. Faoin (lá mí bliain) (nó 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh seo), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 14 lena bhforlíonfar an Rialachán seo trí na critéir shonracha agus an nós imeachta sonrach a leagan síos maidir le tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnú.

5. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh buiséad an Chláir atá beartaithe le haghaidh tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a leithdháileadh ar shásra maoiniúcháin an Aontais le haghaidh an fhuinnimh in-athnuaite arna bhunú le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcás inar féidir leis an mbuiséad an cuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b)(ii) den Rialachán a bhaint amach, agus i gcás inar féidir leis rannchuidiú le laghdú na gcostas caipitil le

haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Ní rachaidh an ranníocaíocht iomlán a dhéanfar le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034 thar 5 % de bhuiséad an Chláir seo atá beartaithe le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b).

*Airteagal 12*

***Clár oibre***

1. Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.

2. Sna cláir oibre, leagfar amach, i gcás inarb infheidhme, na gníomhaíochtaí agus na méideanna gaolmhara tacaíochta ón Aontas atá le cur chun feidhme le hIonstraim InvestEU CEI agus sásra seachadta ED.

3. Déanfaidh an Coimisiún na cláir oibre a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(3).

*Airteagal 13*

***Gníomhartha tarmligthe***

Faoi réir Airteagal 172, an dara mír, CFAE, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán seo chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán a leasú maidir leis an liosta tionscadal táscach.

*Airteagal 14*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar don Choimisiún an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(4) agus Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2034.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(4) agus Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh leis an tarmligean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

   A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra faoi, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 11(4) nó Airteagal 413 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn plé ar ábhair a bhaineann le hAirteagal 12(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 15*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Maidir le hábhair a bhaineann leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a), tiocfaidh an coiste le chéile san fhoirmíocht seo a leanas: 'SCE Iompar'.

   Maidir le hábhair a bhaineann leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b), tiocfaidh an coiste le chéile san fhoirmíocht seo a leanas: 'SCE Fuinneamh'

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina mbeifear le tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, gur chinn cathaoirleach an choiste amhlaidh nó gur iarr tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

5. I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe an choiste mar bhreathnóirí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus slándáil agus ord poiblí an Aontais nó a Bhallstát á gcur san áireamh. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn plé ar ábhair a bhaineann le hAirteagal 9 den Rialachán seo.

*Airteagal 16*

***Leasú ar Rialachán (AE) 2024/1679***

In Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2024/1679, cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

'3. Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe bonneagair agus lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais shibhialtacha agus chosanta araon ('bonneagar dé-úsáide').

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).'

*Airteagal 17*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán (AE) 2021/1153 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 18*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Ní bheidh éifeacht ag an Rialachán ar leanúint de ghníomhaíochtaí atá i gceist ná ar a modhnú, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) Uimh 1316/2013 agus (AE) Uimh 2021/1153, a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir an speansas teicniúil agus riaracháin a chumhdach is gá chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 a áirithiú.

*Airteagal 19*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ... 3

1.3. Cuspóirí ... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh ... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe ... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc .... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar .... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin .... 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe .... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach .... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha .... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach .... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha .... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe .... 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam .... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA .... 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha .... 30
4.2. Sonraí .... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha .... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta .... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 le haghaidh na tréimhse 2028-2034

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir na gréasáin thras-Eorpacha in earnálacha an iompair agus an fhuinnimh a thógáil, a fhorbairt, a dhaingniú, a nuachóiriú agus a thabhairt chun críche, soghluaisteacht mhíleata ar na gréasáin thras-Eorpacha iompair a éascú, comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, agus na sineirgí idir na hearnálacha iompair agus fuinnimh a éascú.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach</u>

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha na hearnála iompair in SCE:

1) rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn a bhaineann leis na gréasáin iompair idirnasctha, idir-inoibritheacha, chliste, inbhuanaithe, athléimneacha agus ilmhodhacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1679, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

- gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tionscadail leasa choitinn a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo lena gcuirtear chun feidhme an gréasán tras-Eorpach iompair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir leis na codanna a liostaítear go táscach san Iarscríbhinn;

- gníomhaíochtaí a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a bhfuil gné Aontais ag baint leo agus a bhaineann le gréasán tras-Eorpach iompair atá cliste, athléimneach agus inbhuanaithe a chríochnú;

- gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tionscadail leasa choitinn a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo le tríú tíortha a chuireann an gréasán tras-Eorpach iompair chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1679;

2) codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú le haghaidh dé-úsáid an bhonneagair iompair d'fhonn an tsoghluaisteacht shibhialta agus mhíleata araon a fheabhsú.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha in earnáil an fhuinnimh:

1) rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn agus tionscadal leasa fhrithpháirtigh mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2022/869, d'fhonn cur i gcrích an Aontais Fuinnimh, comhtháthú margaidh inmheánaigh fuinnimh atá éifeachtúil agus iomaíoch, agus idir-inoibritheacht gréasán thar theorainneacha agus earnálacha a chur chun cinn, dícharbónú an gheilleagair a éascú, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus slándáil an tsoláthair a áirithiú;

2) comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite nó trí thairiscint iomaíoch ar thionscadail nua fuinnimh in-athnuaite faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1999, d'fhonn cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le dícharbónú, iomaíochas, cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus slándáil an tsoláthair ar bhealach cost-éifeachtúil.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Maidir le hiompar, is é is aidhm do SEC rannchuidiú le críochnú an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair ('GTE-I'), agus béim ar an gcroíghréasán agus an croíghréasán breisithe a chríochnú faoi 2030 agus 2040. Sa chomhthéacs sin, díreoidh SCE go háirithe ar thionscadail bhonneagair a bhfuil gné láidir thrasteorann ag baint leo. Cuideoidh SCE freisin le réitigh soghluaisteachta idir-inoibritheacha agus chliste a chur i bhfeidhm ar ghréasán GTE-I (mar shampla trí chórais Eorpacha um bainistíocht tráchta a chur in úsáid) agus le haistriú an Aontais i dtreo soghluaisteacht inbhuanaithe a éascú (mar shampla trí sholáthar cumhachta ar tír a bhunú do shoithí i gcalafoirt GTE-I). Is féidir le SCE nascacht le tríú tíortha a mhéadú freisin trí na codanna trasteorann de chonairí GTE-I chuig tíortha is iarrthóirí a fhorbairt. Thairis sin, déanann SCE codanna de GTE-I a oiriúnú le haghaidh dé-úsáid an bhonneagair iompair d'fhonn an tsoghluaisteacht shibhialta agus mhíleata araon a fheabhsú.

Is dlúthchuid de chreat beartais na nGréasán Fuinnimh Tras-Eorpach (GTE-F) é SCE Fuinneamh, creat atá dírithe ar chórais fuinnimh Bhallstáit an Aontais a nascadh. Cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscadail a bhfuil an breisluach is airde don Aontas ag baint leo a bhfuil tionchar suntasach trasteorann acu. Le SCE Fuinneamh tacaítear freisin le comhar trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite trí chistiú a dhámhtar ar thionscadail ábhartha.

Tacaíonn SCE Fuinneamh le cur chun feidhme príomhthionscadal trasteorann a rannchuidíonn leis an méid seo a leanas: idirnascadh níos fearr idir gréasáin leictreachais, hidrigine agus CO2 na mBallstát, digiteáil na n-eangach fuinnimh, forbairt eangacha amach ón gcósta, agus comhtháthú acmhainneachtaí stórála agus leictrealóra sna heangacha. Dá réir sin, beifear in ann sciar méadaitheach d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú agus comhtháthú córais a dhéanamh ar fud veicteoirí fuinnimh, rud a fhágfaidh go ndéanfar an córas fuinnimh a dhícharbónú, go mbeidh soláthar fuinnimh slán inacmhainne ann do thomhaltóirí, go mbeidh comhtháthú margaidh níos fearr ann, agus go mbeidh iomaíochas sa tionscal ann.

Trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail trasteorann go díreach ar leibhéal an Aontais, cuidíonn SCE fadhbanna comhordúcháin a eascraíonn as nádúr ildlínse na dtionscadal a shárú. Leis an *modus operandi* éifeachtúil atá ag SEC, tugann sé aghaidh ar chlistí margaidh agus cuidíonn sé infheistíocht agus cistiú breise a ghiaráil ó fhoinsí eile, buiséid náisiúnta, córais náisiúnta taraife fuinnimh agus go háirithe an earnáil phríobháideach, cuir i gcás, trí úsáid a bhaint as an raon iomlán uirlisí atá ar fáil faoin Rialachán Airgeadais. Is ionstraim é SCE a bhfuil cruthúnas air do thionscnóirí tionscadail bonneagair trasteorann ós rud é go soláthraíonn sé pointe teagmhála amháin, comhaontú deontais amháin agus sraith amháin rialacha a bheidh le leanúint freisin don scéim faireacháin agus iniúchóireachta.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid. Tá sraith réimsí idirghabhála sa Rialachán lena ngabhann táscairí a úsáidfear le haghaidh na n-infheistíochtaí ábhartha i mbonneagar iompair agus fuinnimh arna ndéanamh faoi SCE.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[30]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Agus é ag tógáil ar an taithí dhearfach a fuarthas le cur chun feidhme SCE Iompar agus Fuinneamh ó 2014, cuireann an Coimisiún togra i láthair le haghaidh chomharba SCE i gcomhthéacs ullmhú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027. Díríonn an clár ar thionscadail a bhfuil gné láidir trasteorann ag baint leo agus a bhfuil breisluach Eorpach ard ag baint leo lena n-éilítear stiúradh ar leith ón Aontas a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe idir na Ballstáit thar theorainneacha.

In earnáil an iompair, rannchuidíonn SCE le croíghréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (GTE-I) a chríochnú faoi 2030 agus leis an gcroíghréasán breisithe a chríochnú faoi 2040 trí bhonneagar a thógáil agus a uasghrádú a bhfuil gá leis le haghaidh oibríochtaí iompair trasteorann rianúla. Beidh gréasán ardfheidhmíochta d'iompar paisinéirí agus earraí mar thoradh air sin. Tacaíonn SCE freisin le codanna ábhartha de ghréasán GTE-I a oiriúnú do riachtanais soghluaisteachta míleata.

In earnáil an fhuinnimh, rannchuidíonn SCE le forbairt tionscadal leasa choitinn agus tionscadal leasa fhrithpháirtigh mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2022/869, d'fhonn cur i gcrích an Aontais Fuinnimh, comhtháthú margaidh inmheánaigh fuinnimh atá éifeachtúil agus iomaíoch, agus idir-inoibritheacht gréasán thar theorainneacha agus earnálacha a chur chun cinn, dícharbónú an gheilleagair a éascú, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus slándáil an tsoláthair a áirithiú. Thairis sin, éascaíonn SCE comhar trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, trí thionscadail fuinnimh in-athnuaite trasteorann nó trí thairiscintí iomaíocha ar thionscadail nua fuinnimh in-athnuaite faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite.

Ba cheart an clár a bheith oibríochtúil le tús an chéad CAI eile in 2028. Leagfar síos sna cláir oibre mionsonraí maidir le cur chun feidhme an chláir amhail tráthchláir na

[30] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

nglaonna ar thograí, a n-ábhar agus a mbuiséad táscach nó rialacha mionsonraithe maidir le critéir incháilitheachta agus dhámhachtana. Leithdháileann SCE Iompar go háirithe a chistí deireanacha in 2025 agus beidh bearna chistiúcháin roimh thionscnóirí tionscadal mórthionscadal bonneagair do na blianta atá fágtha den CAI reatha. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach an chéad SCE eile a sheoladh go tráthúil agus cistí an Aontais a leithdháileadh go luath ar thairbhithe.

Maidir leis an modh bainistíochta chun an clár a chur chun feidhme, tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis an seachadadh éifeachtúil spriocdhírithe faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún. An tarmligean athnuaite féideartha chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin, amhail an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) faoin CAI reatha, beidh sé faoi réir thoradh na hanailíse costais is tairbhe agus na gcinntí gaolmhara a bheidh le déanamh.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Le hAirteagal 171 de CFAE tugtar de chumhacht don Aontas tionscadail leasa choitinn a shainiú maidir le bonneagar GTE ach fágtar faoi na Ballstáit é na modhanna cur chun feidhme a roghnú. Leis an Airteagal céanna, tugtar de chumhacht don Aontas tacú le tionscadail leasa choitinn den sórt sin chomh maith le tionscadail leasa fhrithpháirtigh le tríú tíortha.

Mar gheall ar scála agus cineál na bhfadhbanna a ndíríonn SCE orthu, tá gníomhaíocht ón Aontas go sonrach de dhíth ina leith, os rud é gur fadhbanna uile-Aontais iad de réir a gcineál agus gur féidir iad a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla ar leibhéal an Aontais, agus eascraíonn buntáistí níos mó ar an iomlán, cur chun feidhme níos luathaithe agus laghdú costais as sin má dhéanann an Coimisiún comhordú ar bhearta na mBallstát. Is é cistiú ón Aontas an modh iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chistiúcháin a bhíonn le sárú ag tionscadail trasteorann de ghnáth freisin: fágann dáileadh míchothrom buntáistí tionscadal agus costais tionscadal idir na Ballstáit éagsúla lena mbaineann gur deacra atá sé na tionscadail sin a mhaoiniú ó fhoinsí cistiúcháin náisiúnta.

Bonneagar GTE-I agus GTE-F: I bhfianaise gur tionscadail de chineál trasteorann iad, cruthaíonn tionscadail GTE-I agus GTE-F seachtrachtaí dearfacha suntasacha ar leibhéal an Aontais agus cothaíonn siad dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit, ach baineann dúshláin shonracha leo freisin do thionscnóirí tionscadail, mar gheall ar a gcineál ildlínse, fadhbanna comhordúcháin agus dáileadh costas agus tairbhí a bhíonn neamhshiméadrach go minic. Dá bhrí sin, teastaíonn tacaíocht ar leibhéal an Aontais uathu. Chomh maith leis sin, le haghaidh soghluaisteacht mhíleata rianúil ar fud an Aontais, tá gá le hionstraim lena gcomhordaítear cistiú ar fud na mBallstát.

Fuinneamh in-athnuaite: Tá comhar trasteorann idir na Ballstáit, nó idir na Ballstáit agus tríú tíortha, i réimse an fhuinnimh in-athnuaite ríthábhachtach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le dícharbónú, iomaíochas, an margadh inmheánach fuinnimh a thabhairt chun críche agus slándáil an tsoláthair ar bhealach cost-éifeachtúil. Mar sin féin, ní mhíníonn ach cúpla Ballstát an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu creat a bhunú maidir le comhar ar thionscadail chomhpháirteacha le Ballstát amháin nó níos mó ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide deiridh

arna dtíolacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999. Tá an riosca ann go bhfanfaidh an comhar trasteorann ar leibhéal fo-optamach in éagmais cúnamh airgeadais ón Aontas.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Cuireann SCE breisluach AE ar fáil trí nascacht a fhorbairt san iompar agus san fhuinneamh agus trí chomhar trasteorann a fhorbairt maidir le fuinneamh in-athnuaite, trí dhíriú ar earraí poiblí a bhfuil gné Eorpach ag baint leo agus ar thionscadail nach gcuirfí i gcrích gan tacaíocht ón Aontas. Baineann breisluach Eorpach SCE, go sonrach, leis an acmhainneacht atá ann:

– Maoiniú poiblí agus príobháideach a stiúradh i dtreo chuspóirí beartais an Aontais;

– Príomhinfheistíochtaí a chumasú i gcás ina n-íoctar na costais ar an leibhéal náisiúnta/áitiúil ach go bhfuil na tairbhí le sonrú ar scála Eorpach;

– Dlús a chur leis an aistriú chuig bonneagar ísealcharbóin, digiteach agus athléimneach.

Tá tacaíocht an Aontais ón gclár nua SCE dírithe ar ghníomhaíochtaí a bhfuil an breisluach Eorpach is airde i gceist leo. Go sonrach:

I réimse an iompair, cumhdaítear leis codanna trasteorann agus scrogaill ar chroíghréasán GTE-I agus ar chroíghréasán breisithe GTE-I go príomha agus tionscadail ar Chonairí Soghluaisteachta Míleata tosaíochta an Aontais Eorpaigh.

I réimse an fhuinnimh, tá sé d’aidhm ag SCE feabhas a chur ar chomhtháthú an mhargaidh fuinnimh agus ar idir-inoibritheacht gréasán fuinnimh thar theorainneacha, ar dhícharbónú, ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar athléimneacht agus ar shlándáil an tsoláthair, agus comhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite. Na tionscadail trasteorann sin a bheidh incháilithe do chistiú SCE Fuinneamh, is iad na lúba ar lár iad chun córas fuinnimh atá go hiomlán idirnasctha agus dícharbónaithe a fhorbairt, ós rud é nach ndéanann na Ballstáit ná oibreoirí iad a chur chun cinn go leordhóthanach ná nach dtugann siad tosaíocht leordhóthanach dóibh ar an leibhéal náisiúnta. Rannchuidíonn SCE leis na tionscadail trasteorann sin a chur i gcrích trí thacú le gníomhaíochtaí earnáilsonracha i bhfoirm staidéar agus oibreacha.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá an mheastóireacht *ex post* ar SCE 2014-2020 agus an mheastóireacht mheántéarma ar SCE 2021-2027 á ndéanamh i gcomhthreo agus tá mórchuid den obair déanta.

Deimhníonn réamhthorthaí an dá mheastóireacht SCE go bhfuil ag éirí go maith leis an gclár go dtí seo. Tá dearadh na hionstraime iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar easpa stairiúil cistiúcháin i mbonneagar trasteorann lena ngabhann breisluach ard Eorpach trí chistiú do na tionscadail sin a imfhálú in ionstraim thiomnaithe. Tá comhleanúnachas maith ann le hionstraimí agus beartais chistiúcháin eile de chuid an Aontais, go háirithe maidir le dícharbónú. A shamhail rialachais faoina n-úsáidtear glaonna iomaíocha ar thograí agus bainistiú díreach cistí ag gníomhaireacht láraithe, tá sí oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chláir agus chun cothrom iomaíochta a chur ar fáil d’iarratasóirí. Meastar i gcónaí go bhfuil cistiú SCE fíor-

riachtanach, toisc go gcumasaíonn sé tionscadail ríthábhachtacha iompair agus fuinnimh a mbeadh moilleanna suntasacha orthu, nó a mbeadh a raon feidhme laghdaithe, nó nach ndéanfar ar chor ar bith mar gheall ar easpa cistiúcháin náisiúnta nó phríobháidigh, murach é. Sa bhreis ar thacaíocht airgeadais dhíreach, cuireann SCE giaráil shuntasach ar fáil, rud a mheallann caipiteal poiblí agus príobháideach breise agus a fheidhmíonn mar ancaire straitéiseach le haghaidh infheistíochta.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tionscnamh mar chuid den togra maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034.

Ba cheart do SCE díriú ar thacú le tionscadail trasteorann ar na gréasáin GTE-I agus GTE-F, mar aon le tionscadail ar mhaithe le soghluaisteacht mhíleata rianúil ar fud an Aontais, agus tionscadail i réimse an chomhair fuinneamh in-athnuaite.

Ba cheart d'infheistíochtaí na mBallstát i ngréasán GTE-I faoina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí infheistíochtaí SCE a chomhlánú, go háirithe maidir le codanna náisiúnta a nascann leis na naisc thrasteorann a léirítear in Iarscríbhinn SCE agus chun bonneagar eangaí fuinnimh náisiúnta agus giniúint fuinnimh náisiúnta a mhaoiniú.

I réimse an fhuinnimh, is féidir leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na hinfheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh a sholáthraítear le SCE a threisiú, mar shampla trí infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní fuinnimh nach de chineál trasteorann iad ach atá chomh tábhachtach céanna don aistriú fuinnimh.

Ba cheart tacú leis an síneadh leis na conairí GTE-I chuig tíortha is iarrthóirí agus le bonneagar iompair agus fuinnimh i dtríú tíortha, i ndlúthchomhar leis an Eoraip Dhomhanda.

Leanfaidh Fís Eorpach de thacaíocht a thabhairt don Taighde agus don Nuálaíocht san iompar agus san fhuinneamh agus beidh sé nasctha go dlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas lena gcumhdaítear uas-scálú agus cur in úsáid réiteach nuálach ceannródaíoch maidir le dícharbónú, digiteáil agus athléimneacht an iompair agus an fhuinnimh. Beidh an Ciste Eorpach um Iomaíochas comhlántach freisin le SCE trí dheiseanna ráthaíochtaí a chur ar fáil le haghaidh tionscadail bhonneagair.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Cé go gcuirfeadh an nasc níos dlúithe idir cistiú ón Aontas agus tosaíochtaí beartais na bpleananna feabhas ar a ngné thrasteorann, agus an sásra stiúrtha á áirithiú go ndíreofar níos mó ar thionscadail trasteorann a bhfuil breisluach ard Eorpach ag baint leo, bheadh cur chun feidhme tionscadal bonneagair trasteorann trí na pleananna níos casta agus níos costasaí d'údaráis na mBallstát agus do thionscnóirí tionscadail araon. Na Ballstáit a gcláir infheistíochta a ailíniú le cláir na dtíortha comharsanacha, próiseas fada a bheadh ann, le linn na caibidlíochta tosaigh maidir leis an bplean agus i gcás go mbeadh aon leasú ann. Bheadh ar an nGearmáin, mar shampla, a plean náisiúnta a chomhordú le hocht mBallstát chomharsanacha; bheadh cúig Bhallstát i gceist i gcás na hUngáire. I gcásanna ina mbeadh moill ar an bpróiseas i mBallstát amháin nó níos mó, d'fhéadfadh moilleanna iarmhartacha a bheith ann. Cé go bhféadfadh an Coimisiún tacú leis na hiarrachtaí comhordúcháin sin – le linn na

caibidlíochta agus trí chúnamh teicniúil a sholáthar trí na pleananna – bheadh ualach nach beag ar údarás na mBallstát i gcónaí. D'fhéadfadh sé sin an t-ualach riaracháin ar thionscnóirí tionscadail a mhéadú cuid mhór freisin, toisc go mbeadh orthu tionscadail trasteorann a chur chun feidhme faoi roinnt pleananna náisiúnta agus tuairisciú a dhéanamh faoi scéimeanna tuairiscithe agus iniúchóireachta éagsúla (ceann in aghaidh an Bhallstáit).

Mar sin féin, cuireadh i bhfios go láidir sa mheasúnú tionchair go bhféadfadh na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí freastal ar infheistíochtaí comhlántacha do chodanna trasteorann agus do thionscadail atá an-ábhartha san Aontas. Áiritheofar le hionstraim thiomnaithe faoi bhainistiú díreach go maoineofar tionscadail trasteorann bunaithe ar chur chuige iomaíoch lena roghnófar tionscadail a bhfuil an cháilíocht, an aibíocht agus an breisluach Eorpach is airde ag baint leo. Tá pointe teagmhála aonair agus nós imeachta aonair ag tairbhithe chun tionscadal a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán ar na tionscadail.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☒i bhfeidhm ón 01/01/2028 go dtí an 31/12/2034

– ☒ tionchar airgeadais ó 2028 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2028 go 2040 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d’ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☒ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d’fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d’uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí:

| |
|---|
| Is faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach a chuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Ar aon dul leis an tréimhse 2014-2020 agus leis an tréimhse 2021-2027, d’fhéadfaí an chuid is mó den bhuiséad a chur chun feidhme trína tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin. Sa chás sin, ní dhéanfadh an Coimisiún a bhainistiú go díreach ach gníomhaíochtaí tacaíochta cláir. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe le haghaidh na gclár uile.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear an clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach. Meastar go dtarmligfear chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin é, agus déanfaidh an Coimisiún roinnt beart tacaíochta don chlár a bhainistiú go díreach. Tá an struchtúr agus na próisis is gá ag an ngníomhaireacht feidhmiúcháin sheanbhunaithe CINEA chun a áirithiú go leanfar de bhainistiú SCE.

Cuirfear an clár chun feidhme go príomha trí dheontais, arb iad an ionstraim chistiúcháin iomchuí iad do thionscadail mhórscála bhonneagair agus giniúna fuinnimh.

Bunófar an straitéis rialaithe dá réir sin agus díreoidh sí ar thrí phríomhchéim de chur chun feidhme na ndeontas, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, is é sin glaonna a eagrú agus tograí a roghnú a oireann do chuspóirí beartais an chláir, rialuithe oibríochtúla, faireacháin agus *ex ante* a chumhdaíonn cur chun feidhme tionscadal, soláthar poiblí, réamh-mhaoiniú, íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh, chomh maith le rialuithe agus íocaíochtaí *ex post*.

Meastar go mbeidh na torthaí feidhmíochta ar an straitéis rialaithe ag teacht leis na méadrachtaí a breathnaíodh don chlár a bhí ann roimhe:

~cuireadh chun feidhme 100 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

~cuireadh 100 % de na tairbhithe ar an eolas in am;

~síníodh 100 % de na deontais in am;

~rinneadh 100 % de na híocaíochtaí in am;

~riosca tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta ar bhonn bliantúil faoin tairseach ábhartha 2 %.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá na rioscaí a sainaithníodh comhionann a bheag nó a mhór leis na rioscaí a sainaithníodh maidir leis na leaganacha den chlár a bhí ann roimhe seo:

Forbairt níos moille ná mar a bheadh coinne leis ar na príomhthosaíochtaí (Conairí, Tionscadail Leasa Choitinn), toisc nach leor an glacadh atá leo sa mhargadh nó nach leor cáilíocht na dtionscadal a cuireadh isteach;

Moilleanna ar an tionscadal a chur chun feidhme;

Gan sonraí feidhmíochta a bheith ar fáil nó fadhbanna a bhaineann le cáilíocht sonraí;

Earráidí nó míbhainistiú a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cistí an Aontais, lena n-áirítear riosca féideartha cistiúcháin dhúbailte agus castacht na rialacha;

Rioscaí seachtracha a dhéanann difear ar bhealach ábhartha do bhonneagar agus/nó do thosaíochtaí, amhail rioscaí geopholaitiúla nó mórtheagmhais aeráide;

Rioscaí seachtracha a dhéanann difear d'infhaighteacht an chistithe nó do dhálaí an mhargaidh, go háirithe i gcás ina mbeadh laghdú ar an éileamh ar bhonneagar nó ar sholáthar creidmheasa mar ab amhlaidh sa ghéarchéim airgeadais dheireanach.

Meastar go leanfaidh na príomhfheidhmeanna rialaithe a forbraíodh le haghaidh an chláir roimhe seo de bheith bailí, lena n-áiritheofar go dtabharfar aird ar iomaíochas na píblíne tionscadal, go ndíreofar ar na cuspóirí beartais, go mbeidh na gníomhaithe uile rannpháirteach, go mbeidh solúbthacht iomchuí ag an mbuiséad agus go mbeidh rialuithe *ex ante* agus *ex post* comhsheasmhach.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, trína áirithiú go dtabharfar aird ar iomaíochas agus ar ullmhú na píblíne tionscadal, trí dhíriú ar rannchuidiú na dtionscadal leis na cuspóirí beartais, trí rannpháirtíocht chórasach na ngníomhaithe uile a áirithiú, trí sholúbthacht bhuiséadach iomchuí a choinneáil. Déanfar na rialuithe *ex post* agus *ex ante* a oiriúnú do leibhéil na rioscaí a mheastar a bheith ann.

Chuige sin, mar thacaíocht do na rialuithe sin, déanfar measúnú riosca ón mbonn aníos gach bliain, déanfar measúnú córasach ar an gcreat rialaithe, déanfar tuairisciú iomchuí ar dhiallais (clár na n-eisceachtaí agus na gcásanna neamhchomhlíontachta) agus déanfar bearta ceartaitheacha maidir leis na moltaí a eiseoidh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó an tÚdarás um Urscaoileadh.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Na costais agus na tairbhí a bhaineann le rialuithe

Má ghlactar leis go bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh gníomhaireacht feidhmiúcháin CINEA an chuid is mó den chlár chun feidhme, lena n-áiritheofar costas rialaithe atá inchomparáide leis an gcostas a bhaineann le SCE atá ann faoi láthair. D'fhéadfadh an líon teoranta deontas a chuireann seirbhísí an Choimisiúin chun feidhme go díreach a bheith faoi réir costais rialaithe níos airde, mar gheall ar luachanna aonair ísle na ndeontas sin agus mar gheall ar an easpa barainneachtaí scála.

I gcás na dtionscadal a bhainistíonn an ghníomhaireacht feidhmiúcháin, roinneadh costas rialaithe SCE atá ann faoi láthair idir costas na maoirseachta ar leibhéal an Choimisiúin agus costas na rialuithe oibríochtúla ar leibhéal an chomhlachta cur chun feidhme.

Meastar gurb é costas na rialuithe ar leibhéal an Choimisiúin, sa dá Ard-Stiúrthóireacht lena mbaineann[31], thart ar 0,1 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla ar leibhéal an chláir.

Tá na rialuithe sin dírithe ar a áirithiú go ndéanfaidh na máthair-Ard Stiúrthóireachtaí maoirseacht rianúil agus éifeachtach ar an nGníomhaireacht agus go mbeidh an méid is gá dearbhaithe ann ar leibhéal an Choimisiúin.

Agus imlíne sheasta ann, ba cheart coinne a bheith leis go léireofaí le méadú ar chostas na maoirseachta ar leibhéal an Choimisiúin na ceanglais leathnaithe maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin chomh maith leis an iarracht bhreise a bheidh nasctha le dearbhú a sholáthar maidir leis na hathruithe ar an gclár.

Is timpeallacht rialaithe chobhsaí é CINEA. Meastar go bhfanfaidh costas an rialaithe ar leibhéal na gníomhaireachta sa raon a breathnaíodh le linn 2021-2024 (0,9 % go 1,3 %), nó gar dó. Mar sin féin, d'fhéadfadh costas méadaithe rialuithe a bheith mar thoradh ar an bhfothú acmhainneachta is gá chun oiriúnú d'athruithe ar an gclár nó chun próisis rialaithe a choigeartú. Is iad seo a leanas tairbhí na rialuithe:

- Déantar roghnú tograí níos laige nó tograí easpacha a sheachaint;

- Déantar pleanáil agus úsáid chistí an Aontais a bharrfheabhsú le nach mbainfear den bhreisluach AE;

- Déantar cáilíocht na gcomhaontuithe deontais a áirithiú, earráidí a sheachaint agus eintitis dhlíthiúla á sainaithint, a áirithiú go ndéantar ranníocaíochtaí an Aontais a ríomh i gceart agus na ráthaíochtaí is gá a dhéanamh le go n-oibreoidh na deontais i gceart;

- Déantar costais nach bhfuil incháilithe a bhrath ag céim na híocaíochta;

- Déantar earráidí a dhéanann difear do dhlíthiúlacht agus do rialtacht na n-oibríochtaí a bhrath ag céim na hiniúchóireachta;

- Déantar iontaofacht na faisnéise a sholáthraítear don Choimisiún a mhéadú.

Measfar an deis roghanna costais simplithe a thabhairt isteach, faoi réir measúnú dearfach costais agus tairbhe maidir lena n-éifeacht ar an ráta earráide, ar na costais a bhaineann le rialuithe agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na rialuithe.

An leibhéal earráide a mheastar

Meastar go bhfanfaidh an riosca measta tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta araon faoi bhun 2 % ar bhonn bliantúil, sa raon céanna leis na rátaí earráide a breathnaíodh le haghaidh SCE2.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Tá Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin atá freagrach as na gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin Rialachán seo tiomanta do leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcomhréir le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin COM(2019) 196 final agus lena phlean gníomhaíochta athbhreithnithe COM(2023) 405 final.

[31] Ní áirítear sa mheastachán sin na gnéithe straitéiseacha agus beartais a ghabhann leis an gclár, ná an mhaoirseacht ar ionstraimí tarmligthe SCE.

Cuimsíonn na bearta frithchalaoise, go háirithe, bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm maidir leis an gcalaois, leis an éilliú agus le haon ghníomhaíocht mhídhleathach eile; seiceálacha éifeachtacha; gnóthú méideanna a íocadh go míchuí agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, i gcomhréir le Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Thug AS MOVE agus AS ENER, mar aon leis an ngníomhaireacht cur chun feidhme CINEA, a straitéisí frithchalaoise agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara a ghlacadh ar leibhéal an DG cothrom le dáta, ar straitéisí agus pleananna iad a chumhdaíonn an timthriall chaiteachais ina iomláine, ag cur comhréireacht agus costas is tairbhe na mbeart a bheidh le cur chun feidhme san áireamh, lena gceadófar measúnú riosca a dhéanamh ar an gclár.

Áiritheoidh na trí sheirbhís go bhfuil a gcur chuige bainistíochta maidir leis an riosca calaoise dírithe ar réimsí a shainaithint ina bhfuil ardriosca calaoise, agus anailís costais agus tairbhe earnáilsonrach de réir na hArd-Stiúrthóireachta agus an obair atá déanta ag OLAF maidir le cosc ar chalaois agus anailís riosca á cur san áireamh.

Tagann faireachán riaracháin na gconarthaí, na ndeontas agus na n-íocaíochtaí gaolmhara faoi shainchúram CINEA. Tugtar an Straitéis Frithchalaoise cothrom le dáta gach 2 bhliain, rud a rinneadh an uair dheireanach in 2024. Forbraíonn an Ghníomhaireacht a bearta frithchalaoise féin, lena n-áirítear straitéis iniúchóireachta *ex post*, chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach agus na méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú. Tá CINEA faoi réir iniúchadh bliantúil ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le léargas fíor agus cothrom ar na cuntais agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach (ioncam agus caiteachas) agus bíonn an Ghníomhaireacht faoi réir nósanna imeachta um urscaoileadh Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar bhonn bliantúil.

Beidh na conarthaí deontais agus soláthair a thabharfaidh na hArd-Stiúrthóireachtaí cur chun feidhme nó CINEA i gcrích bunaithe ar mhúnlaí caighdeánacha ina leagfar amach na gnáthbhearta frithchalaoise is infheidhme, lena n-áirítear an chumhacht iniúchóireachta, na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a luaitear thuas. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún, ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, bunaithe ar dhoiciméid agus ar sheiceálacha agus ar chigireachtaí ar an láthair, i ndáil le gach tairbhí deontais, conraitheoir agus fochonraitheoir a bhfuil cistí faighte aige ón Aontas.

Beidh údarás ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann a leithéid de chistiú leo, go díreach nó go hindíreach, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus d'fhonn a shuí an raibh calaois, éilliú nó gníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile i gceist a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh i gcomhar le comhaontú deontais nó cinneadh nó conradh a bhfuil baint aige le cistiú ón Aontas. Beidh an rochtain is gá ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chun a hinniúlachtaí a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[32]. | ó thíortha de chuid CSTE[33] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[34] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 2 | 05 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh SCE (Iompar, Fuinneamh, Soghluaisteacht Mhíleata) | /LN | NÍL | TÁ | TÁ | NÍL |
| 2 | 05 02 01 01 – SCE Iompar | LD | NÍL | TÁ | TÁ | NÍL |

32 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
33 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
34 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | 05 02 01 02 – SCE Soghluaisteacht Mhíleata | LD | NÍL | TÁ | TÁ | NÍL |
| 2 | 05 02 02 – SCE Fuinneamh | LD | NÍL | TÁ | TÁ | NÍL |

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 2 |
|---|---|---|

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 05 02 01 01 – SCE Iompar | Gealltanais | (1a) | 4,282 | 4,455 | 4,637 | 4,825 | 4,517 | 5,220 | 5,428 | **33,864** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| 05 02 01 02 – SCE Soghluaisteacht Mhíleata | Gealltanais | (1b) | 2,842 | 2,899 | 2,609 | 2,483 | 2,533 | 2,214 | 2,071 | **17,651** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| 05 02 02 – SCE Iompar | Gealltanais | (1b) | 3,782 | 3,936 | 4,096 | 4,261 | 4,432 | 4,610 | 4,795 | **29,912** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | | | |
| 05 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh SCE (Iompar, Fuinneamh, Soghluaisteacht | (3) | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Mhíleata) | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS MOVE/ENER** | Gealltanais | =1a+1b+3 | 10,906 | 11,290 | 11,342 | 11,569 | 11,982 | 12,045 | 12,294 | **81,428** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | | | | | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **4** | 'Caiteachas riaracháin'[35] |

| Ard-Stiúrthóireacht | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | **81,704** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | **798,000** |
| **IOMLÁN AS MOVE/ENER** | | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **879,672** | **879,704** |

35 Na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia, is trí úsáid a bhaint as na figiúirí sin ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **879,672** | **879,704** |

| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** | Gealltanais | | | | | | | | |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)*

Comhfhreagróidh na táscairí aschuir agus toraidh chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an gclár seo do na comhtháscairí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta].

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN 2028 - 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | 11,672 | **81,704** |
| Caiteachas riaracháin eile | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | 114,000 | **798,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **125,672** | **879,704** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |

==========================================================

======================================================================

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 61 | 61 | 61 | 61 | 61 | 61 | 61 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) – lasmuigh de Cheannteideal 7 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 |
| **IOMLÁN** | **103** | **103** | **103** | **103** | **103** | **103** | **103** |

### *3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach*

| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 61 | 61 | 61 | 61 | 61 | 61 | 61 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Caiteachas tacaíochta do Rúnaíocht an Bhoird um Athbhreithniú Feidhmíochta | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 |
| **IOMLÁN** | **103** | **103** | **103** | **103** | **103** | **103** | **103** |

I bhfianaise an bhrú fhoriomláin atá i gCeannteideal 4, maidir le soláthar foirne agus leibhéal na leithreasuithe araon, is baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistiú an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht nó de sheirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a chomhlíonfaidh na hacmhainní daonna is gá.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| • | • **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | • **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| • | • | • **Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | • **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 61 | | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | 32 | | 10* | |

*Comhfhreagraíonn na 10 FTE nua do na 10 bpost atá le fáil in 2028 do Rúnaíocht an Bhoird um Athbhreithniú Feidhmíochta faoi líne bhuiséid 02 01 21 02 mar a chomhaontaigh na comhreachtóirí le linn na caibidlíochta i ndáil le Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú).

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | • Forbairt beartais agus straitéis<br>• Tacaíocht d'fhóraim réigiúnacha agus théamacha chun tionscadail leasa choitinn agus tionscadail leasa fhrithpháirtigh a shainaithint<br>• Comhordú agus idirchaidreamh leis na páirtithe leasmhara uile (Ballstáit, tríú tíortha, Ard-Stiúrthóireachtaí eile agus institiúidí Eorpacha eile, fóraim réigiúnacha agus théamacha, etc.).<br>• An clár oibre a fhorbairt<br>• Próisis roghnúcháin<br>• Bainistíocht ar ghlaonna bliantúla ar thograí agus roghnú na dtionscadal le haghaidh tacaíocht airgeadais ón Aontas<br>• Bainistíocht oibríochtúil agus airgeadais ar thionscadail<br>• Meastóireachtaí |

| | |
|---|---|
| Pearsanra seachtrach | • Tacaíocht d'fhóraim réigiúnacha agus théamacha chun tionscadail leasa choitinn agus tionscadail leasa fhrithpháirtigh a shainaithint<br>• Tacaíocht do na próisis roghnúcháin<br>• Tacaíocht don bhainistíocht ar ghlaonna bliantúla ar thograí agus do roghnú na dtionscadal le haghaidh tacaíocht airgeadais ón Aontas<br>• Tacaíocht don bhainistíocht tionscadail agus airgeadais<br>• Tacaíocht d'eagrú na meastóireachtaí |

### 3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028 - 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas TF* (corparáideach) | 0,845 | 0,845 | 0,845 | 0,845 | 0,845 | 0,845 | 0,845 | **5,915** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **0,845** | **0,845** | **0,845** | **0,845** | **0,845** | **0,845** | **0,845** | **5,915** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 14,23 | 14,59 | 14,967 | 15,364 | 15,78 | 16,217 | 16,675 | **107,823** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **14,23** | **14,59** | **14,967** | **15,364** | **15,78** | **16,217** | **16,675** | **107,823** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **15,075** | **15,075** | **15,075** | **15,075** | **15,075** | **15,075** | **15,075** | **113,738** |

*Ríomhadh an caiteachas TF faoi Cheannteideal 4 trí threoir AS BUDG a leanúint: an líon FTEnna arna iolrú faoi EUR 8 200 in aghaidh FTE.

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

Tá an togra comhsheasmhach leis an togra le haghaidh CAI 2028 - 2034

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[36] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Leanfaidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) de thacaíocht a thabhairt d'uirlisí TF a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil siad ríthábhachtach chun tionscadail a bhainistiú go héifeachtúil agus go trédhearcach. Uirlisí, amhail an Limistéar Aonair um Shonraí Leictreonacha a Mhalartú (SEDIA), eGrants, TENtec, Map-IT, EMI-ECS, QlikSense (nó réiteach eile i dtaca le hÉirim Ghnó agus Anailísíocht Sonraí a thacaíonn le hamharcléiriú, iniúchadh agus anailísiú sonraí), an tArdán Trédhearcachta (Amharcóir AT), CIRCABC,

36 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

EUSurvey agus ARACHNE, tá siad ríthábhachtach i ndáil leis sin. Ina theannta sin, leanfaidh SCE de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a bhaineann le raon córas TF agus timpeallachtaí malartaithe faisnéise arna sainordú ag dlíthe agus tionscnaimh an Aontais amhail ESSKY, PTF PRIME, EMSWe, eFTI, etc.

Le SEDIA, tríd an Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí', soláthraítear pointe iontrála aonair le haghaidh próisis chistiúcháin agus soláthair, lena láraítear sonraí na rannpháirtithe agus lena laghdaítear obair láimhe. Cumhdaítear saolré iomlán an deontais le eGrants, rud a áirithíonn comhsheasmhacht agus inrianaitheacht. Le Map-IT is féidir táscairí tionscadail cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chlárú chun tacú le tuairisciú téamach agus tuairisciú ar leibhéal tíre. Éascaíonn CIRCABC bainistiú comhoibríoch doiciméad le rialú leaganacha agus rochtain ilteangach. Úsáidtear EUSurvey chun le haghaidh bailiú struchtúrtha sonraí, agus cuireann ARACHNE feabhas ar fhaireachán tionscadal trí rioscaí calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint trí shonraí agus táscairí riosca saibhrithe.

Cuireann TENtec, an córas faisnéise don Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (GTE-I), léarscáileanna idirghníomhacha agus tuarascálacha cothrom le dáta ar fáil chun tacú le trédhearcacht, cinnteoireacht eolasach agus feasacht an phobail. Bailíonn agus stórálann TENtec faisnéis gheografach, airgeadais agus stairiúil faoi bhonneagar gréasáin iompair an Aontais agus a thíortha comharsanacha chun críoch pleanála, cinnteoireachta polaitiúla agus faireacháin ar chur chun feidhme chlár GTE-I. Is córas é TENtec a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2024/1679. Forbraíodh é i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, tugann sé forléargas cuimsitheach ar bheartas GTE-I, cuidíonn sé le faireachán a dhéanamh ar thionscadail, agus tacaíonn sé le samhaltú iompair agus le pleanáil don todhchaí. Áirítear le TENtec freisin sonraí maidir le soghluaisteacht mhíleata agus bonneagar breoslaí malartacha, an dá cheann acu atá mar bhonn faoi thosaíochtaí polaitiúla ábhartha, agus freastalaíonn sé ar chineálacha éagsúla sonraí beartais a bhfuil geologánú ag teastáil ina leith.

Nasctha le TENtec, is príomhuirlis TF í an Fhaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha (EAFO) chun tacú le faireachán a dhéanamh ar an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1804 maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, mar shampla. Cuireann EAFO sonraí agus staitisticí cuimsitheacha cothrom le dáta ar fáil maidir le bonneagar breoslaí malartacha, glacadh feithiclí agus bearta beartais náisiúnta ar fud an Aontais. Feidhmíonn EAFO mar an uirlis TF lena dtacaítear le cur chun feidhme na n-oibleagáidí dlíthiúla faoi Rialachán (AE) 2023/1804, amhail Pointe Rochtana Coiteann an Aontais maidir le sonraí breoslaí malartacha.

Is uirlis TF é EMI-ECS a úsáidtear chun saineolaithe seachtracha a roghnú agus a fháil ar conradh a bhfuil baint acu le meastóireachtaí ar thograí. Is uirlis é QlikSense a úsáidtear le haghaidh staitisticí agus faireachán a dhéanamh ar thionscadail. Is uirlisí iad an tArdán Trédhearcachta agus an tAmharcóir AT a úsáidtear chun faisnéis agus staitisticí maidir le tionscadail mhaoinithe a chur ar fáil don phobal.

Tacaíonn ardán an Aerspáis Eorpaigh Aonair (ESSKY) le páirtithe leasmhara i gcur chun feidhme scéim feidhmíochta agus muirearaithe an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SES). Tugann sé rochtain ar fhaisnéis ábhartha trí leabharlanna agus cuireann sé feidhmiúlacht ar fáil chun doiciméid a chur isteach.

Le córas Príomhtháscairí Feidhmíochta an Ardáin do Bhainisteoirí Bonneagair Iarnróid san Eoraip (PTF PRIME), is féidir faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le hiompar iarnróid. Cuireann sé ardán tuairiscithe ar fáil do bhainisteoirí

bonneagair.

Tacaíonn Córas Bainistíochta Dintiúr Slándála CIC-C an Aontais Eorpaigh (CBDC AE) le córais agus teicneolaíochtaí CIC-C a chur in úsáid san Eoraip. Tá sé bunaithe ar ghnéithe lárnacha chun tacú le hidir-inoibritheacht shlán ar an leibhéal Eorpach. I dTreoir 2010/040 maidir le Córais Chliste Iompair, sainítear róil an Choimisiúin in CCMS AE.

Bunaíodh an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí le Rialachán (AE) 2019/1239 agus is creat dlíthiúil agus teicniúil í chun malartú foirmiúlachtaí riaracháin idir oibreoirí muirí agus údaráis le linn cuairt ar chalafort san Aontas a chomhchuibhiú. Is éard atá ann líonra d'Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta arna gcomhlánú le comhpháirteanna agus seirbhísí TF coiteanna arna mbainistiú ag an gCoimisiún.

Is ailtireacht TF dhíláraithe ar fud an Aontais í an timpeallacht malartaithe faisnéise leictreonaí faoi iompar lastais (eFTI), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2020/1056. Tacóidh sí le malartú faisnéise idir oibreoirí agus údaráis inniúla le haghaidh seiceálacha ar chomhlíonadh sé rialachán agus treoir iompair de chuid an Aontais chomh maith le breis agus 170 gníomh dlí náisiúnta lena rialaítear iompar lastais sna Ballstáit.

Le réiteach Lána Glas Galileo, déantar faireachán ar staid an tráchta ag trasnuithe teorann GTE-I le haghaidh lastas de bhóthar agus am taistil le haghaidh lastas iarnróid ar chonairí GTE-I. Cuireann sé infheictheacht ar fáil d'oifigigh teorann agus d'iompróirí maidir le staid na teorann, rud a chuireann ar a gcumas dóibh na teorainneacha atá faoi ualach níos airde a fheiceáil. Le Lána Glas Galileo, is féidir le teorainneacha na ceanglais maidir le 'Lána Glas' a chomhlíonadh, rud a chumasaíonn an sreabhadh tráchta faoi bhun 15 nóiméad.

Leis an spás Eorpach do shonraí soghluaisteachta (EMDS), ba cheart a bheith in ann sonraí a aimsiú agus a chomhroinnt ó fhoinsí sonraí iompair agus soghluaisteachta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. I dTeachtaireacht EMDS (COM/2023/751 final), leag an Coimisiún amach gurb é ceann de na príomh-chomhpháirteanna tairseach sonraí nó meiteashonraí ina bhféadfadh na héiceachórais sonraí ábhartha uile meiteashonraí na gcineálacha sonraí a bhainistíonn siad agus na coinníollacha rochtana a ghabhann leo a chomhroinnt.

**4.2. Sonraí**

Is de chineál an-éagsúil iad na huirlisí digiteacha a fhaigheann tacaíocht ó SCE, baineann siad le modhanna éagsúla iompair agus le gníomhaithe éagsúla a mhalartaíonn faisnéis (seirbhísí an Choimisiúin, tairbhithe, údaráis náisiúnta, comhpháirtithe gnó, etc.). Dá bhrí sin, próiseálann na huirlisí raon leathan sonraí éagsúla freisin. Go ginearálta, cloíonn siad le prionsabal na haonuaire, lena n-áirithítear athúsáid uasta sonraí agus lena seachnaítear iontráil atriallach sonraí, agus sonraí á gcomhroinnt go sábháilte agus go slán an tráth céanna.

**4.3. Réitigh dhigiteacha**

Tá na huirlisí uile a dtugtar tuairisc orthu deartha chun comhleanúnachas a chur chun cinn, éifeachtúlacht a fheabhsú, agus idir-inoibritheacht a áirithiú, agus ar an gcaoi sin déantar cáilíocht fhoriomlán na bpróiseas atá mar bhonn faoi sheirbhísí an Choimisiúin a bhaineann le SCE a neartú agus tacaítear le cur chun feidhme rianúil an Mhargaidh Aonair.

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheachta*

Tá na huirlisí digiteacha uile a dtugtar tuairisc orthu in úsáid cheana féin ag páirtithe leasmhara. Léiríonn siad idir-inoibritheacht láidir trí theicnící caighdeánaithe malartaithe faisnéise.

Maidir leis an spás Eorpach do shonraí soghluaisteachta, tá an Coimisiún ag obair ar mhionsonraí a chur in úsáid.

### **4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

Tá na huirlisí digiteacha a dtugtar tuairisc orthu ag feidhmiú go héifeachtach, agus déanfar aon athrú nó feabhsú a dhéanfar amach anseo a chur chun feidhme ar bhealach rialaithe agus céimnithe chun leanúnachas a áirithiú agus chun aon chur isteach ar oibríochtaí nó ar chur chun feidhme an Rialacháin a sheachaint.